

**Tuarascáil Bhliantúil**  
**Gaelscoileanna Teo. 2013**  
**[www.gaelscoileanna.ie](http://www.gaelscoileanna.ie)**

Fáilte an Ardfheidhmeannaigh

Ceiliúradh na Scoileanna Lán-Ghaeilge

Rialacha Seasta Gaelscoileanna Teo.

Ainmniúcháin na nOifigeach

Ainmniúcháin na nGnáthstiúrthóirí

Rúin Chruinniú Cinn Bhliana Gaelscoileanna Teo. 2013

Tuairisc ar Obair na hEagraíochta, 2013

Tuairisc an Rúnaí, 2012

Dréacht-mhiontuairiscí ó Chruinniú Cinn Bhliana 2012

Ráitis Airgeadais 2012

# Fáilte an Ardfheidhmeannaigh

A Chairde dhil na Gaelscolaíochta,

Cuirim fáilte ó chroí romhaibh chuig comóradh 40 bliain Gaelscoileanna Teo. ag an gComhdháil Bhliantúil agus Oideachais 2013 seo.

Ócáid ar leith atá sa chomhdháil seo, gan amhras, agus muid ag ceiliúradh 40 bliain ar an bhfód mar eagraíocht náisiúnta chomhordaithe na scoileanna lán-Ghaeilge. Tá ríméad orainn go mbeidh Uachtarán na hÉireann Micheál D. Ó hUigín inár láthair mar aoichainteoir don cheiliúradh óir agus is léiriú láidir agus suntasach é ar a thacaíocht leanúnach do thábhacht na scoileanna lán-Ghaeilge agus ar a mheas ar na scoileanna sin. Go pearsanta, tá mé ag tnúth go mór le hóráid an Uachtaráin ag oscailt oifigiúil na Comhdhála a chloisteáil, agus tá mé cinnte go spreagfaidh sé dioscúrsa úr ar ról agus ar thábhacht na gaelscolaíochta i sochaí ár linne.

Bíonn téama lárnach ag baint le Comhdháil Bhliantúil agus Oideachais Gaelscoileanna Teo. I mbliana roghnaíomar crann folláin le fréamhacha doimhne, láidre agus atá faoi dhuilleog, agus ar tí bachelú mar íomhá na comhdhála mar léiriú siombalach ar bhunús orgánach, fás agus forbairt, agus fairsingiú próiseas/córas an oideachais. Tugadh deis do scoileanna 'duilleog' don chrann a chur ar fáil, agus thapaigh na scoileanna an deis sin mar léiriú gníomhach ar ról beathúil na scoileanna sa phróiseas seo.

Cúis áthais dúinn a bheith anseo in óstán Johnstown House agus muid ag ceiliúradh na comhchomhdhála lenár gcairde agus comhghleacaithe sna scoileanna lán-Ghaeilge fud fad na Gaeltachta arís i mbliana. Is í seo an dara comhchomhdháil idir Gaelscoileanna Teo. agus Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta, agus tógann sí ar an rath a bhaineann leis an gceiliúradh ar na héagsúlachtaí agus ar na tréithe inchomparáide ó thaobh chur chun cinn na scoileanna lán-Ghaeilge ag an gcomhchomhdháil anuraidh. Tá súil againn go leanfar leis an gcomhoibriú fiúntach seo. Creidimid gur chun leasa na scoileanna uile an comhchaidreamh seo ó thaobh an ghréasánaithe agus malartú saineolais de.

Cuirim fáilte Uí Cheallaigh roimh bhaill na scoileanna uile ó gach cearn den tír, ón nGaeltacht agus lasmuigh di, ón deisceart agus ón tuaisceart, ag an gcomhchomhdháil ar leith seo. Cuirfidh an Chomhdháil Oideachais náisiúnta seo deiseanna riachtanacha oiliúna ar fáil chun freastal ar shainriachtanais na scoileanna lán-Ghaeilge. Tá Gaelscoileanna Teo. an-sásta go bhfuil an deis ag an eagraíocht oiliúint agus forbairt ghairmiúil a sholáthar nach bhfuil ar fáil ó aon eagrais tacaíochta nó soláthraí oiliúna eile ag an leibhéal seo.

Bhí deis, le déanaí, ag Gaelscoileanna Teo. agus Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta a bheith gníomhach i reáchtáil Comhdhála dhá lá ar Fhorbairt Cheannasaíochta na Scoileanna Lán-Ghaeilge an 9-10 Deireadh Fómhair 2013. Comhdháil an-rathúil a bhí ann de chuid an Choiste Seasta Thuaidh/Theas ar an nGaeloideachas, le clár fiúntach a dhírigh ar shainriachtanais na mbunscoileanna lán-Ghaeilge ar bhonn uile-Éireann. Cur chuige uathúil a bhí ann le comhoiliúnóirí le saineolas ar dhlínse an deiscirt agus an tuaiscirt faoi seach i bhfeighil gach seisiúin. Cúis eile leis an rath a bhain leis an gComhdháil sin ná an t-idirphlé idir chleachtóirí agus an deis a bhí ann foghlaim ó pheirspictíocht a chéile ar bhonn uile-Éireann. Tá mé cinnte gurb amhlaidh a bheidh rannpháirtíocht na dtoscairí a bheidh i láthair linn ag an gcomhdháil seo. Foilseofar imeachtaí Chomhdháil na Ceannasaíochta go luath.

Aidhm choitianta ó bhliain go bliain ag Comhdháil Bhliantúil Gaelscoileanna Teo. ná deis a sholáthar do na scoileanna plé a dhéanamh ar shaincheisteanna móra, éisteacht le saineolas ó na scoileanna agus ó na haíonna, chomh maith le moltaí ar dhea-chleachtais idir scoileanna a roinnt ar a chéile. Táimid an-bhuíoch díobh as an turas a dhéanamh agus tá súil agam go mbeidh sibh uile den tuairim ina dhiaidh gurbh fhiú an tairbhe an iarracht.

Roghnaíomar 'Ó fhianaise go Barr Feabhais' mar mhana na Comhdhála i mbliana, agus muid ag tógáil ar spriocanna náisiúnta i gcomhthéacs fheidhmiú praiticiúil na Straitéise Litearthachta agus Uimhearthachta don Fhoghlaim agus don Saol. Tá tábhacht ar leith leis an bhfócas seo anois agus scoileanna ag cur tús leis an turas chun teorici na Straitéise sin a chur i bhfeidhm agus ag plé le trialacha caighdeánaithe agus cúrsaí féinmheastóireachta. Tá súil agam go spreagfar sibh, trí imeachtaí na Comhdhála seo, chun cur le rath bhur scoileanna agus seasamh iomráiteach na gaelscolaíochta mar cheannródaí in earnáil an oideachais a athdhearbhú.

Mar eagraíocht agus mar earnáil, táimid ag staid an-leochaileach agus cuíchóiriú ag teacht i bhfeidhm. Ón 1 Iúil 2014 beidh athruithe móra in earnáil dheonach na Gaeilge, le himpleachtaí ollmhóra do Gaelscoileanna Teo. agus do na 18 n-eagras eile atá bunmhaoinithe ag Foras na Gaeilge. Tá súil ag Gaelscoileanna Teo. go mbeidh rath ar a iarratas i réimsí an Ghaeloideachais/Tumoideachais agus na Réamhscolaíochta Lán-Ghaeilge agus tá an eagraíocht i mbun comhchainteanna leis na páirtithe cuí eile i réimse na réamhscolaíochta ar mhaithe le leas na hearnála ina hiomláine. Tá sé mar aidhm ag an eagraíocht seirbhísí tacaíochta agus forbartha na heagraíochta a chosaint agus a chaomhnú chomh maith le cás a chur le chéile ar son fhorbairt mhór na hearnála.

Ó bhí an Chomhdháil Oideachais 2012 ann, is iomaí dúshlán a bhí agus atá ag na scoileanna lán-Ghaeilge. Áirím go háirithe an córas nua a bhaineann leis an bpróiseas aitheantais bunscoileanna agus iarbunscoileanna nua; an riaráiste suntasach atá ann do sholáthar cóiríochta cuí do scoileanna atá i gcúinsí míshásúla le fada an lá; na dúshlán a bhaineann leis an bpainéal do scoileanna lán-Ghaeilge agus an t-ualach ollmhór atá ar cheannasaithe na scoileanna lán-Ghaeilge agus iad ag cinntiú ardchaighdeán oideachais anuas ar thimpeallacht shaibhir agus láidir lán-Ghaeilge a chothú. Tá aitheantas ag dul do gach ball de na scoileanna agus de na coistí bunaithe uile agus iad ag obair i gcomhar lena chéile go díograiseach, cumasach chun an sprioc seo a bhaint amach.

Guímid gach rath ar gach scoil lán-Ghaeilge atá inár measc, agus ar ár gcairde nach raibh ar a gcumas nó a n-acmhainneacht a bheith linn.

Cuirfear na léachtaí agus na sleamhnáin ar [www.gaelscoileanna.ie](http://www.gaelscoileanna.ie) i ndiaidh na Comhdhála chun go mbainfear an leas is fearr astu.

Mo bhuíochas leis na scoileanna lán-Ghaeilge atá lonnaithe sa cheantar máguaird, agus leo siúd atá ag cabhrú linn chun a chinntiú go gcuirfear siamsaíocht, ealaín agus ceol álainn na bpáistí ar fáil dúinn ag an gcomhchomhdháil seo.

Tá súil againn go gcuirfear neart ábhar machnaimh agus deiseanna gréasánaithe ar fáil daoibh tríd an gComhdháil seo. Leagtar amach sa leabhrán seo tuairisc ar obair na heagraíochta agus fáiltímid i gcónaí roimh bhur n-ionchur san obair atá idir lámha againn.

Bainigí tairbhe as na himeachtaí agus taitneamh as bheith i gcomhlúadar a chéile don chéad Chomhchomhdháil Oideachais 2013 do na scoileanna lán-Ghailge ar fad.

Bláthnaid ní Ghréacháin  
Ardfheidhmeannach

# Ceiliúradh na Scoileanna Lán-Ghaeilge

Ba mhaith le Gaelscoileanna Teo. aitheantas a thabhairt do na scoileanna thíosluaite atá ag ceiliúradh cloch mhíle i saol na scoile i mbliana. Comhghairdeas leo as gach a bhfuil bainte amach acu, agus guímid gach rath orthu sa toadhcháí.

## Scoileanna nua sa bhliain 2013:

Gaelscoil Shliabh Rua  
Gaelscoil Mhic Aodha  
Gaelscoil Na Giúise  
Coláiste Lú

## 10 mbliana ar an bhfód:

Gael-Choláiste Chill Dara  
Gaelscoil Phádraig Naofa  
Gaelscoil an Ráithín  
Bunscoil Naomh Colmcille

## 20 bliain ag fás:

Coláiste de hÍde  
Gaelcholáiste an Chláir  
Coláiste Daibhéid  
Gaelscoil na Tríonóide  
Gaelcholáiste Uí Chonbá  
Bunscoil an tSléibhe Dhuibh  
Gaelscoil na Camóige  
Gaelscoil Lios Tuathail  
Gaelscoil an Ghoirt Álainn  
Gaelscoil Dhochtúir Uí Shúilleabháin  
Bunscoil Naomh Bríd  
Gaelscoil Mhic Amhlaigh  
Gaelscoil an Eiscir Riada

## 30 bliain faoi bhláth:

Scoil Raifteirí  
Gaelscoil Mhichíl Chíosóig  
Gaelscoil Sheáin Uí Ríordáin  
Bunscoil Cholmcille  
Gaelscoil Chorain  
Bunscoil An Iúir

## 40 bliain faoi rath:

Pobalscoil Chloch Ceann Fhaola  
Pobalscoil Ghaoth Dobhair  
Scoil an tSeachtar Laoch  
Scoil Naithí

**80 bliain faoi shéan:**  
Scoil Fhursa

# Rialacha Seasta

## 1. Rúin:

1.1

5 nóiméad ag an moltóir, 3 nóiméad ag gach duine eile.

1.2

Glacfar le leasuithe agus cuirfear iad os comhair an chruinnithe ag tosú leis an gceann deiridh. Ní cuirfear leasú atá cealaithe ag leasú a cuireadh roimh ré. Ní mór leasuithe a bheith i scríbhinn. Ní féidir leasú atá contráilte go hiomlán leis an mbunrún a chur.

1.3

Má mholtar rún ní féidir é a tharraingt siar ach le cead an chruinnithe.

## 2. Is féidir na rialacha seasta a chur ar leataobh chun rún nach bhfuil ar an gclár a phlé, ach:

2.1

Dhá thrian a bheith i bhfábhar an rúin a phlé.

2.2

Móramh dhá dtrian ag teastáil le glacadh leis.

## 3. Toghchán don Bhord Stiúrtha

3.1

Roghnóidh baill an réigiúin atá i gceist ionadaí don réigiún sin.

3.2

Toghfar an tUachtarán agus na hOifigigh le móramh simplí ach 50% ar a laghad de na vótaí a chaitear a bheith ag iarrthóir.

3.3

Toghfar baill eile an Bhoird Stiúrtha trí chóras na vótála singile nó iolraí do-aistrithe.



# Ainmniúcháin na nOifigeach 2013-2014

<b>Ainm Uachtarán</b>	<b>Scoil lena mbaineann</b>	<b>Ainmnithe ag</b>
Mairín Ní Chéileachair	Gaelscoil Uí Fhiaich	Gaelscoil Longfoirt Gaelscoil Uí Fhiaich Gaelscoil Chnoc na Ré
<b>Leas-Uachtarán</b> Cathnia Ó Muircheartaigh	Coláiste Pobail Osraí	Gaelscoil Longfoirt Gaelscoil Chnoc na Ré
<b>Rúnaí</b> Yvonne Ní Mhurchú	Gaelscoil Longfoirt	Gaelscoil Longfoirt Gaelscoil Uí Fhiaich Gaelscoil Chnoc na Ré
<b>Leas-Rúnaí</b> Clodagh Ní Mhaoilchiaráin	Gaelscoil Bhaile Brigín	Gaelscoil Bhaile Brigín
<b>Cisteoir</b> Dealgan Ó Ciarubháin	Scoil Chaitríona	Gaelscoil Uí Fhiaich Gaelscoil Chnoc na Ré
<b>Oifigeach Caidrimh Phoiblí</b> Clodagh Ní Mhaoilchiaráin	Gaelscoil Bhaile Brigín	Gaelscoil Chnoc na Ré
<b>Oifigeach Polasaí agus Pleanála</b> Mícheál Ó Broin	Gaelscoil Chnoc na Ré	Gaelscoil Longfoirt Gaelscoil Uí Fhiaich

# Ainmniúcháin na nGnáthstiúrthóirí 2013-2014

<b>Ainm</b>	<b>Scoil lena mbaineann</b>	<b>Ainmnithe ag</b>
Cathnia Ó Muircheartaigh	Coláiste Pobail Osraí	Gaelscoil Longfoirt
Yvonne Ní Mhurchú	Gaelscoil Longfoirt	Gaelscoil Longfoirt
Mícheál Ó Broin	Gaelscoil Chnoc na Ré	Gaelscoil Longfoirt Gaelscoil Chnoc na Ré
Clodagh Ní Mhaoilchiaráin	Gaelscoil Bhaile Brigín	Gaelscoil Uí Fhiaich
Norma Ní Chonchúir	Gaelscoil Mhic Aodha	Gaelscoil Uí Fhiaich Gaelscoil Chill Dara
Aoife Ní Chochláin	Gaelscoil Chill Dara	Gaelscoil Uí Fhiaich Gaelscoil Chill Dara
Fíona Uí Uiginn	Coláiste Íosagáin	Gaelscoil Uí Fhiaich
Seán Ó Nuanáin	Gaelscoil Dhonncha Rua	Gaelscoil Uí Fhiaich
Cathal Ó Luain	Scoil Chrónáin	Gaelscoil Uí Fhiaich
Seán Mag Oireachtaigh	Scoil Chaitríona	Gaelscoil Uí Fhiaich
Elaine Ní Shé	Gaelcholáiste Luimnigh	Gaelscoil Uí Fhiaich
Róisín Ní Ríordáin	Gaelscoil Chill Dara	Gaelscoil Chill Dara

# Rúin an Chruinnithe Cinn Bhliana 2013

## RÚN 1

An Próiseas Aitheantais Nua do Bhunscoileanna

- a. Aithníonn an Chomhdháil an dul chun cinn atá déanta sa phróiseas aitheantais do scoileanna nua sa mhéid go bhfuil sainmheon na Gaeilge aitheanta mar chroíchritéar do rogha tuismitheoirí agus iad ag léiriú a rogha oideachais dá bpáistí, agus éilíonn an Chomhdháil:
- b. go gcaomhnófar agus go gcinnteofar i gcónaí go mbeidh éileamh cruthaithe agus inmharthana ar an ngaelscolaíocht mar chritéar lárnach sa phróiseas aitheantais do bhunscoileanna amach anseo, beag beann ar sholáthar scolaíochta trí mheán an Bhéarla sa cheantar lena mbaineann, agus
- c. go dtabharfar aitheantas don obair leanúnach atá á dhéanamh ag coistí bunaithe i gceantair nach bhfuil aitheanta ag an Roinn agus go ndéanfar na hiarratais seo a fhaomhadh chun freastal ar an éileamh inmharthana atá cruthaithe.

Bord Stiúrtha, GAELSCOILEANNA TEO.

## RÚN 2

An Próiseas Aitheantais Nua d'Iarbhunscoileanna

Éilíonn an Chomhdháil ar an Roinn Oideachais agus Scileanna

- a. go dtabharfar aitheantas don obair leanúnach atá á dhéanamh ag coistí bunaithe i gceantair nach bhfuil aitheanta ag an Roinn agus go ndéantar na hiarratais seo a mheas go cothrom chun freastal ar an éileamh inmharthana atá cruthaithe.
- b. go dtabharfar tosaíocht do sholáthar neamhspleách scolaíochta trí mheán na Gaeilge chun sainmheon na scoileanna lán-Ghaeilge a chaomhnú.
- c. go ndéanfar an t-éileamh ar oideachas lán-Ghaeilge a áireamh sa teimpléad maidir le héileamh ó thuismitheoirí atá le cur faoi bhráid na Roinne agus iarratas á dhéanamh ar phátrúnacht scoile
- d. go ndéanfar an t-éileamh seo a áireamh go sonrach i dtuairisc an Ghrúpa um Bunú Scoileanna Nua agus go mbeidh tionchar aige ar chinneadh an Aire dá réir, agus
- e. go gcuirfidh an Roinn eolas cuimsitheach faoi bhráid na bpátrún maidir le struchtúir na nAonad, na tacaíochtaí atá ar fáil ón Roinn Oideachais agus Scileanna, cód dea-chleachtais, féidearthacht Aonad a fhás ina scoil neamhspleách i gcás

ceantair nach bhfuil réamhaitheanta le haghaidh soláthar neamhspleách iarbhunscoile lán-Ghaeilge.

Bord Stiúrtha, GAELSCOILEANNA TEO.

### RÚN 3

Múnlaí Nua Soláthair Gaelscolaíochta

- a. Molann an Chomhdháil an Roinn Oideachais agus Scileanna as an athbhreithniú atá ar siúl ar an soláthar oideachais trí Ghaeilge sa Ghaeltacht a bhfuil mar sprioc aige roghanna feiliúnacha soláthair a aithint a bheidh ag teacht le riachtanais na bpobal Gaeltachta.
- b. Molann an Chomhdháil don Roinn polasaí a fhorbairt i gcomhar leis na páirtithe cuí, GAELSCOILEANNA TEO. ina measc, ar mhúnlaí éagsúla an tsoláthair trí Ghaeilge a bheadh in oiriúint lasmuigh den Ghaeltacht san áit nach bhfuil daonra leordhóthanach ann do bhunscoil nó iarbhunscoil lán-Ghaeilge neamhspleách.

Bord Stiúrtha, GAELSCOILEANNA TEO.

### RÚN 4

Liúntas Múinteoirí don Teagasc trí Ghaeilge

- a. Cáineann an Chomhdháil cinneadh an Rialtais an Liúntas do Mhúineadh trí Ghaeilge a tharraingt siar i gcás tairbhíthe nua le héifeacht ón 1 Feabhra 2012 (Ciorclán 0008/2013), agus do mhúinteoirí a athraíonn an jabróil nó a aistríonn ó scoil amháin go scoil eile.
- b. Cáineann an Chomhdháil easpa tuisceana an Rialtais ar an ualach mór breise a bhaineann le teagasc trí Ghaeilge i scoil lán-Ghaeilge, ualach a bhí aitheanta an chéad lá riamh tríd an liúntas seo a cheadú.
- c. Cáineann an Chomhdháil an cinneadh go bhfuil an liúntas á bhaint ó mhúinteoirí a ghlacann ról mar phríomhoide i ngaelscoil de bharr an ualaigh a bhaineann le scoil nua a bhunú i gceart agus a fhorbairt, an tumoideachas a chur i bhfeidhm, pobal le Gaeilge a thógáil, anuas ar ghnáthchúraimí an phríomhoide bunscoile.
- d. Éilíonn an Chomhdháil go ndéanfadh an Roinn athbhreithniú ar an gceist ina hiomláine i leith an liúntais agus i leith na múinteoirí a ghlacann le ról mar Phríomhoide ar ghaelscoil eile, gur grúpa an-bheag iad ach a bhfuil tacaíocht mhór de dhíth orthu.

Gaelscoil Mhic Aodha agus Bord Stiúrtha, GAELSCOILEANNA TEO.

## RÚN 5

Líon Múinteoirí i Scoileanna Lán-Ghaeilge Nua

a. Éilíonn an Chomhdháil go mbeadh beirt mhúinteoirí fostaithe mar íosmhéid i ngach scoil nua ón tús, beag beann ar líon na ndaltaí, chun sábháilteacht agus cúram cuí na bpáistí a chinntiú.

Gaelscoil Mhic Aodha agus Bord Stiúrtha, GAELSCOILEANNA TEO.

## RÚN 6

Painéal Ath-implonaithe do Mhúinteoirí i scoileanna faoi Phátrúnacht an Easpaig

a. Molann an Chomhdháil an Roinn as an dul chun cinn atá déanta sna comhchainteanna le GAELSCOILEANNA TEO. maidir le comhréiteach ar na dúshláin a bhaineann le múinteoirí toilteanacha a fháil le teagasc i scoil lán-Ghaeilge.

b. Sa chás gur mó na folúntais ná na hiarratais, nó i gcás nach bhfuil caighdeán Gaeilge an iarrthóra sásúil, éilíonn an Chomhdháil go mbeadh cead leanúint ar aghaidh chuig iarrthóirí ar an bhfo-phainéal a léiríonn toilteanas agus cumas cuí, agus sa chás gur mó na folúntais ná na hiarratais feiliúnach go mbeadh cead ag scoileanna an post a fhógairt.

Bord Stiúrtha, GAELSCOILEANNA TEO.

## RÚN 7

Riachtanais Speisialta Oideachais sa Scoil lán-Ghaeilge

a. Molann an Chomhdháil an dul chun cinn sna comhchainteanna idir GAELSCOILEANNA TEO. agus an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta maidir le struchtúr agus seirbhísí tacaíochta do pháistí le RSO sa chóras lán-Ghaeilge.

b. Molann an Chomhdháil go mbeidh na riachtanais faoi seach tógtha san áireamh ag bunchéim na pleanála le haghaidh seirbhísí feabhsaithe do pháistí agus seirbhísí eolais feabhsaithe do thuismitheoirí ó na soláthraithe seirbhíse oideachais de chuid an Stáit, lena n-áirítear NCSE, NEPS agus eile.

Gaelscoil Bhaile Brigín agus Bord Stiúrtha, GAELSCOILEANNA TEO.

## RÚN 8

Rollachán Scoile

a. Fáiltíonn an Chomhdháil roimh an dréachtbhille ar rollacháin scoile do bhunscoileanna agus d'iarbhunscoileanna, a léiríonn cosaint do theaghlaigh lán-Ghaeilge a dteastaíonn oideachas lán-Ghaeilge uathu dá bpáistí.

b. Éilíonn an Chomhdháil go n-aontófar meicníocht leis na páirtithe cuí, lena n-áirítear GAELSCOILEANNA TEO. , i gcás na scoileanna a bhfuil ró-éileamh orthu faoi conas déileáil go sásúil leis an ró-éileamh ar bhealach a bheidh cothrom agus a chaomhnaíonn sainmheon teanga na scoile.

Bord Stiúrtha, GAELSCOILEANNA TEO.

## RÚN 9

Athstruchtúrú ar Earnáil Dheonach na Gaeilge

- a. Éilíonn an Chomhdháil go mbeidh todhchaí sheasmhach inmharthana ag an earnáil ghaeloideachais trí chóras ceart maoinithe bheith ar fáil.
- b. Éilíonn an Chomhdháil go dtabharfar aitheantas do thábhacht na hoibre a bhíonn idir lámha ag GAELSCOILEANNA TEO. chun leasa na scoileanna lán-Ghaeilge ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal trí struchtúr cuí maoinithe a chur i bhfeidhm.

Bord Stiúrtha, GAELSCOILEANNA TEO.

## RÚN 10

Siollabas Gaeilge na hArdteistiméireachta, Ardleibhéal

- a. Éilíonn an Chomhdháil go gcuirfear ábhar nua ar fáil anois a thabharfaidh deis do na daltaí ar mian leo ardchaighdeán a bhaint amach sa Ghaeilge scileanna i scríobh agus léamh na teanga a fhorbairt, ionas go mbeidh siad in ann oideachas ceart a fháil sa Ghaeilge agus go mbeidh na scileanna acu le tabhairt faoi na hábhair acadúla eile trí mheán na Gaeilge.

Bord Stiúrtha, GAELSCOILEANNA TEO.

## RÚN 11

Comhlonnú COGG le CNCM

Éilíonn an Chomhdháil

1. go gcaomhnófar stádas agus neamhspleáchas COGG agus iad comhlonnaithe le CNCM ar mhaithe le feidhmeanna iomlána COGG a bheith á bhfeidhmiú chun leas earnáil na scoileanna lán-Ghaeilge uile, agus
2. go gcuirfear an tacaíocht chuí agus riachtanach ar fáil do COGG trí bhreis foirne a cheadú láithreach.

Bord Stiúrtha, GAELSCOILEANNA TEO.

# Tuairisc ar Obair na hEagraíochta 2013

Leagtar amach thíos léargas ar obair na heagraíochta ó Chomhdháil Bhliantúil 2012 de réir 3 phríomhréimse oibre na heagraíochta:-

- 1 Bunú Scoileanna
- 2 Buanú Scoileanna
- 3 Forbairt Scoilphobail

## 1. Bunú Scoileanna

Bhí plé rialta ag Gaelscoileanna Teo. le ROS i gcaitheamh na bliana go háirithe maidir le ró-éileamh ar oideachas lán-Ghaeilge agus na ceantair nach bhfuil soláthar lán-Ghaeilge ann, toil na scoileanna lán-Ghaeilge reatha fás le freastal ar éileamh, chomh maith le staid chóiríocht na scoileanna reatha mar réiteach ar ghanntanas soláthair. Leanfar leis an stocaireacht agus leis an idirphlé le ROS chun a chinntiú go ndéanfar soláthar cuí don oideachas lán-Ghaeilge agus go mbeidh éileamh air aitheanta mar chritéar lárnach ag ROS do bhunú scoileanna nua sa todhchaí ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal.

Chun dul i ngleic leis na dúshláin a chruthaíonn córas ROS i leith soláthar nua a bhunú, tá polasaithe á bhforbairt ag Gaelscoileanna Teo. orthu seo:

- a. aistriú a éascú ó scoil lán-Bhéarla go scoil lán-Ghaeilge
- b. aistriú a éascú ó scoil lán-Bhéarla go scoil lán-Ghaeilge i gcomhthéacs scoileanna ag athrú patrúin
- c. múnlaí nua don soláthar ag an mbunleibhéal (ag eascairt as torthaí taighde an Choiste Sheasta Thuaidh/Theas ar an nGaeloideachas)
- d. na hAonaid lán-Ghaeilge agus céimeanna i dtreo scoileanna neamhspleácha a bhaint amach ag an iar-bhunleibhéal.

I gcomhthéacs phróisis ROS le soláthar nua a bhunú ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal, scaip Gaelscoileanna Teo. eolas ar na patrúin agus ar an bpobal maidir le héileamh ar an oideachas lán-Ghaeilge sna ceantair faoi chaibidil agus na tacaíochtaí a chuireann an eagraíocht ar fáil dóibh: tacaíocht riaracháin, aistriúchán, ionadaíocht ag cruinnithe poiblí, maoiniú feachtais le soláthar nua a bhunú, scaipeadh eolais, ábhar bolscaireachta nó eile a chur ar fáil dóibh, de réir mar is gá.



Tá an eagraíocht ag plé go leanúnach le tuismitheoirí i gceantair nach bhfuil aitheanta ag ROS le haghaidh soláthar nua ach a bhfuil éileamh ar oideachas lán-Ghaeilge iontu. Cabhraíonn an eagraíocht leo a gcuid feachtas a phoibliú go háitiúil agus sna meáin agus treoir a thabhairt dóibh maidir le plé le ROS chun teacht ar chomhréiteach i leith sholáthar na gaelscolaíochta i gceantair nach ceantair fáis iad. Tá an tOifigeach Forbartha ag plé le coistí i gClonadh, Co. Chill Dara agus i mBéal an Átha Móir, Co. Liatroma faoi láthair.

Tá Ról gníomhach ag Gaelscoileanna Teo. sa phlé agus san obair le ROS agus leis na pátrúin bunoidreachais maidir leis an gceist faoi dhífheistiú pátrúnachta agus sainmheon teanga scoile a athrú, chun a chinntiú go méadófar ar na deiseanna atá ann scoileanna lán-Ghaeilge a bhunú faoi gach pátrún. Tá an eagraíocht i mbun forbairt agus iomlánú a dhéanamh ar an bPlean Soláthair Gaelscolaíochta, i gcomhar le FNT, ag áireamh aiseolais ó shuirbhéanna ROS ar dhífheistiú pátrúnachta agus sainmheon teanga scoile. Tá nasc á chruthú sa phlean leis na bailte seirbhíse agus líonraí agus de réir plé le ROS agus leis an gCoiste Cúram Leanaí.

#### Bunscoileanna nua 2013

D'oscail trí bhunscoil lán-Ghaeilge nua sa bhliain 2013, agus gach ceann faoi phátrúnacht An Foras Pátrúnachta agus le sainmheon ilchreidmheach acu. D'oscail Gaelscoil na Giúise i gcóiríocht shealadach san Ionad Pobail i dTeach na Giúise, BÁC 24. Fionnuala Ní Riain atá mar phríomhoide ar an scoil agus tá seisear daltaí ag freastal uirthi i mbliana. Conchúr Ó Raghallaigh atá mar phríomhoide ar Ghaelscoil Shliabh Rua, atá i gcóiríocht shealadach ar shuíomh Chlub Rugbaí Palmerston De la Salle sa Chéim, BÁC 18. Tá ochtar daltaí ag freastal ar an scoil i mbliana. Tá cúigear déag i rang na naíonán i nGaelscoil Mhic Aodha, a d'oscail i mBaile Chill Dara faoi phríomhoideacht Norma Uí Chonchúir. Tá an scoil i gcóiríocht shealadach faoi láthair i Radharc an Túir. Tá múinteoirí tacaíochta foghlama agus rúnaithe páirtaimseartha fostaithe sna trí scoil, agus tá líon suntasach páistí cláraithe leo don scoilbhliain 2014/15.

Chuir Gaelscoileanna Teo. gach tacaíocht ar fáil do phátrúin, coistí bunaithe, tuismitheoirí, daltaí agus príomhoidí na scoileanna nua i dtaobh uimhreacha rollaithe, poiblíocht, cúrsaí cóiríochta, scoilphobal a chruthú, buncheisteanna riaracháin agus forbartha na scoileanna. Guíonn an eagraíocht gach rath ar na scoileanna dá dtodhchaí.

#### Bunscoileanna nua 2014

Ghlac Gaelscoileanna Teo. ról comhairleach i bpróiseas ROS maidir le scoileanna nua a bhunú don scoilbhliain 2014/15. Chuir an eagraíocht eolas ar fáil do ROS agus na pátrúin ionchasacha maidir le héileamh agus freastal ar an oideachas lán-Ghaeilge sna ceithre cheantar a bhí aitheanta ag ROS: Dumhach Trá/An Rinn agus Sord, BÁC; Cnoc na Cathrach, Gaillimh agus Mainistir na Corann/Carraig Thuathail, Corcaigh.

Mar thoradh ar an bpróiseas, níl ach dhá bhunscoil nua aitheanta ag ROS, eadhon, i gceantair Dhumhach Trá/na Rinne agus i gCnoc na Cathrach. Ní bheidh na scoileanna seo ina scoileanna lán-Ghaeilge. Cuirfear bunú scoileanna nua i Sord i

mBaile Átha Cliath agus Mainistir na Corann/Carraig Thuathail i gCorcaigh siar agus déanfar athbhreithniú ar na ceantair i gceann bliana.

Thacaigh Gaelscoileanna Teo. le hiarratas An Foras Pátrúnachta ar phátrúnacht na scoile nua i gceantar Dhumhach Trá/na Rinne, ach roghnaigh ROS Educate Together mar phátrún na scoile nua ann bunaithe ar an méid suime a léirigh tuismitheoirí an cheantair don phátrún sin. Ní dhearna aon phátrún iarratas ar scoil lán-Ghaeilge in aon cheantar eile.

Roghnaíodh Educate Together mar phátrún na scoile nua i gCnoc na Cathrach. Is féidir go mbunófaí an dara scoil i gCnoc na Cathrach in 2015 faoi phátrúnacht Lifeways Ireland Teo., scoil le sainmheon Steiner, bunaithe ar éileamh.

Tá sé curtha in iúl ag ROS go ndéanfar freastal ar an éileamh ar an ngaelscolaíocht i mBiorra, Co. Uíbh Fháilí trí ghaelscoil nua a bhunú ann faoi phátrúnacht An Foras Pátrúnachta. Níl bliain oscailte na scoile seo fógartha ag an Roinn go fóill ach tá súil ag an gcoiste bunaithe go n-osclófar in 2014 í. Tá gach eolas agus tacaíocht á gcur ar fáil ag an eagraíocht don choiste bunaithe ann ar mhaithe leis an éileamh agus pobal láidir Gaeilge atá cruthaithe acu sa cheantar a neartú agus a chothú.

Bunscoileanna ag Athrú an tSainmheoin Teanga

Tá trí bhunscoil ag plé le Gaelscoileanna Teo. maidir le sainmheon teanga na scoile a athrú go Gaeilge. Tá obair idir lámha ag an eagraíocht ar pholasaí a fhorbairt maidir leis an athrú a éascú ó scoil lán-Bhéarla go scoil lán-Ghaeilge.

Iarbhunscoileanna Nua 2013

D'oscail Aonad lán-Ghaeilge nua, Coláiste Lú, le 23 dalta ar shuíomh neamhspleách ar Shráid an tSéipéil i nDún Dealgan. Tá an tAonad faoi phátrúnacht Bhord Oiliúna agus Oideachais Lú agus na Mí agus is í Deirdre Ní Liatháin atá mar stiúrthóir air. Phléigh Gaelscoileanna Teo. le Coiste Gairmoideachais Chontae Lú maidir le bunú an Aonaid agus tugadh treoir agus tacaíocht dóibh maidir le dea-chleachtas de réir pholasaí na heagraíochta i leith Fhorbairt na nAonad lán-Ghaeilge. Tá an eagraíocht ag plé go leanúnach leo maidir le buanú agus forbairt an Aonaid.

Iarbhunscoileanna Nua 2014

Is scoileanna lán-Ghaeilge a bheidh sna iarbhunscoileanna nua a osclófar i nDún Droma, i mBaile Brigín agus i gCarraig Uí Leighin. Tá Aonad lán-Ghaeilge le bunú san iarbhunscoil nua i Maigh Nuad. Is scoileanna ilchreidmheacha agus comhionannais faoi phátrúnacht An Foras Pátrúnachta a bheidh sa 2 scoil nua atá beartaithe do Bhaile Brigín agus Dún Droma. Is faoi Bhord Oideachais & Oiliúna Chorcaí a bheidh an iarbhunscoil nua i gCarraig Uí Leighin. Is é Bord Oideachais & Oiliúna Chill Dara agus Cill Mhantáin a aithníodh mar phátrún ar an scoil nua atá le bunú i Maigh Nuad, agus tá an tAonad lán-Ghaeilge le bunú sa scoil i gcomhairle leis An Foras Pátrúnachta. Tá Gaelscoileanna Teo. ag obair go leanúnach leis na pátrúin agus coistí bunaithe i dtreo oscailt na scoileanna seo.

Tá Gaelscoileanna Teo. ag cur comhairle agus tacaíochta ar fáil do St. Brendan's College, Cill Airne, atá ag súil le hAonad a oscailt i gcomhar le St. Bridget's, scoil na gcailíní atá béal dorais leo.

#### Iarbhunscoileanna Nua 2015

D'fhógair ROS na ceantair ina mbunófar soláthar nua iarbhunscoile in 2015 ach níl aon scoil lán-Ghaeilge le bheith ina measc. Tá Gaelscoileanna Teo. ag plé le ROS agus na pátrúin maidir leis na dúshláin a bhaineann le próiseas na Roinne chun soláthar nua a chinntiú. Tá an eagraíocht ag comhoibriú leis na pátrúin ionchasacha sa phróiseas agus le ROS chun a chinntiú go méadófar ar na deiseanna atá ann soláthar lán-Ghaeilge a bhunú faoi gach pátrún.

Tá Gaelscoileanna Teo. ag plé le coiste nua ar mian leo iarbhunscoil lán-Ghaeilge nua a bhunú i dtuaisceart Chathair Chorcaí de dheasca na heaspa freastail atá ann ar na daltaí ag teacht ó bhunscoileanna lán-Ghaeilge an cheantair.

#### Forbairt na nAonad lán-Ghaeilge

Bhí cruinniú ag Gaelscoileanna Teo. le Michael Moriarty, Ard-Rúnaí ar Bhoird Oideachais agus Oiliúna na hÉireann (an Cumann Gairmoideachais in Éirinn mar a bhí) maidir le polasaí na heagraíochta ar Fhorbairt na nAonad lán-Ghaeilge. Scaipeadh an polasaí ar oifigh ROS agus ar na pátrúin ionchasacha ag cruinniú pleanála maidir le soláthar nua iarbhunscoile don scoilbhliain 2015. Tá plé leanúnach ag an eagraíocht le ROS i leith pholasaí ROS maidir leis na haonaid a fhorbairt. Lárnach sa pholasaí seo, aithnítear céimeanna forbartha inmholta chun neamhspleáchas an Aonaid a bhaint amach le feidhmiú mar scoil lán-Ghaeilge inti féin.

## 2. BUANÚ SCOILEANNA

#### Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge

D'fhreastail an eagraíocht ar sheimineár an 3 Deireadh Fómhair 2013 de chuid na Roinne Ealaíon, Oidhreacht & Gaeltachta, tráth ar cuireadh dul chun cinn na Roinne, an Údaráis agus Fhoras na Gaeilge ar fheidhmiú na straitéise os comhair na n-eagras leasmhar. Lorgaíodh tuairimí ó na páirtithe leasmhara san earnáil dheonach faoi conas ionchur na hearnála deonaí a chinntiú i bhfeidhmiú na straitéise. I measc na ngníomhaíochtaí is suntasaí atá idir lámha ag an Roinn Oideachais agus Scileanna, luadh athruithe i gcuraclam na Gaeilge, leathnú ar scolaíocht trí mheán na Gaeilge agus feabhsuithe sa Ghaeilge in oideachas múinteoirí. D'aithin Straitéis Lítearthachta agus Uimhearthachta na Roinne sin go bhfuil gá leis an gcuraclam a leasú ag leibhéal na bunscoile agus na hiarbhunscoile agus tá an obair seo idir lámha ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta i gcomhar leis an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta. Ina theannta sin, d'fhoilsigh an Roinn Oideachais ar an 26 Meán Fómhair na téarmaí tagartha don athbhreithniú atá le déanamh ar a polasaí oideachais i leith scoileanna Gaeltachta chun a chinntiú go bhfuil sé ag teacht le riachtanais an phobail sa Ghaeltacht. Maidir le leathnú ar scolaíocht trí mheán na Gaeilge, luadh go bhfuil deis ann chun tuilleadh gaelscoileanna a chruthú faoin

bpróiseas atá ann chun bunscoileanna a dhídhílsiú ach an t-éileamh a bheith ann ó thuismitheoirí. Ag leibhéal na hiarbhunscoile, tá tairseach de 50% níos lú ann don líon daltaí a theastaíonn chun aitheantas a fháil mar ghaelcholáiste i gcomparáid le hiarbhunscoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla. Luadh go bhfuil athrú suntasach ar siúl in oideachas tosaigh múinteoirí ar mhaithe le teagasc na Gaeilge sna coláistí oiliúna a neartú agus lena chinntiú go bhfeabhsóidh caighdeán Gaeilge na múinteoirí agus a gcumas an teanga a mhúineadh. Tá bearta tugtha isteach chun na bunriachtanais iontrála don Ghaeilge sna coláistí oiliúna a leasú, chun méadú a dhéanamh ar fhad na gclár oideachais tosaigh do mhúinteoirí agus chun síneadh a chur leis an tréimhse a chaitheann na hábhair oidí sa Ghaeltacht.

#### Soláthar cóiríochta do scoileanna le haitheantas buan

Ní féidir ceist an tsoláthair do scoileanna nua a bhrú chun cinn gan réiteach a bheith ann ar cheisteanna cóiríochta do na scoileanna atá ann cheana agus atá sna ceantair atá aitheanta ag an Roinn. Úsáideann an eagraíocht an t-eolas a bhailítear ó scoileanna trí na foirmeacha staitisticí, ó chuartheanna ar scoileanna agus ó aon eolas eile a chuireann scoileanna chugainn mar áis tacaíochta agus muid ag plé leis an Roinn faoi staid chóiríochta na scoileanna. Déantar cás i gcónaí sna comhchainteanna le ROS ar son na scoileanna uile atá i gcóiríocht shealadach, mhí-oiriúnach le blianta fada. Bíonn comhchainteanna agus cruinnithe rialta ag an bhfeidhmeannas leis an Aonad Pleanála agus Tógála sa Tulach Mhór maidir le dul chun cinn na Roinne ar cheist chóiríochta na scoileanna lán-Ghaeilge. Tugadh deis do scoileanna sonraí a gcásanna féin a chur in iúl dúinn le go bhféadfaimis stocaireacht agus ionadaíocht a dhéanamh ar a son.

#### Scoileanna faoi phátrúnacht an Easpaig agus an Painéal Ath-implonaithe

Sa bhliain atá thart, rinneadh dul chun cinn maidir le cás na scoileanna lán-Ghaeilge atá faoi phátrúnacht an Easpaig i dtaobh chur chuige an phainéil do cheapachán múinteoirí atá feiliúnach don chóras scolaíochta lán-Ghaeilge. Tá Gaelscoileanna Teo. i mbun cainteanna leanúnacha leis an Roinn Oideachais agus Scoileanna faoi na dúshláin ollmhóra atá ag scoileanna agus iad ag iarraidh ceapachán múinteoirí a chur i gcrích, ar múinteoirí iad a bheidh in ann feidhmiú go hiomlán éifeachtach i suíomh lán-Ghaeilge agus a léireoidh an cur chuige agus an meon ceart chun sainmheon teanga na scoileanna lán-Ghaeilge a chosaint. Tá an eagraíocht tar éis leasú ar an bhfoirm iarratais don phainéal a chomhaontú leis an Roinn, leasú a chuirfeadh ar mhúinteoirí tic a chur i mbosca chun a dtoilteanas múineadh i scoil lán-Ghaeilge a léiriú. Céim bheag i dtreo córais níos infheidhmithe agus níos caoithiúla do na scoileanna í seo agus ní bheadh iallach ar mhúinteoirí teagasc i scoil in éadan a dtola, rud a bheadh fritorthúil do shainmheon teanga na scoileanna. Aithnítear nach léireoidh an leasú seo cumas na múinteoirí ná feiliúnacht i dtaobh meoin de le múineadh i scoil lán-Ghaeilge, ach is céim í i dtreo comhréitigh agus beidh deis ag an eagraíocht a bheith gníomhach san athbhreithniú ar an leasú seo agus a mbeidh éifeacht aige i Meán Fómhair 2014. Tá tacaíocht faighte ag an eagraíocht ar an

gceist seo ó gach ceann de na pátrúin agus ó CMÉ. Gabhaimid buíochas ollmhór le gach scoil a chabhraigh linn an moladh seo a fhorbairt.

#### Dréachtbhille ar Iontráil Scoileanna

Sa dréachtbhille a foilsíodh an 2 Meán Fómhair ar an bpróiseas rollaithe scoile do bhunscoileanna agus iarbhunscoileanna, léiríodh dea-thoradh an fheachtais a chuir an eagraíocht agus páirtithe eile sa tsiúl i dtaobh cosaint a thabhairt do theaghlaigh lán-Ghaeilge a dteastaíonn oideachas lán-Ghaeilge uathu dá bpáistí. Toradh suntasach a bhí ann sa mhéid is nach mbeidh bac ar scoileanna lán-Ghaeilge tús áite a thabhairt do theaghlaigh lán-Ghaeilge, agus nach mbeidh bac ar iarbhunscoileanna lán-Ghaeilge tús áite a thabhairt do ghaelscoileanna mar scoileanna friothálacha – beartais a bhí á mbagairt sa phlécháipéis agus sa phlé san fhearann poiblí. Tá ábhar imní ann go fóill áfach do na scoileanna a bhfuil ró-éileamh orthu faoi conas déileáil go sásúil leis an ró-éileamh ar bhealach a bheidh cothrom agus a chaomhnóidh sainmheon teanga na scoile. Ní bheidh cead faoin gcóras nua molta agallamh a chur ar thuismitheoirí chun cumas nó meon i leith na teanga a mheas. Dúshlán an-mhór eile atá sonraithe sa dréachtbhille ná nach mbeidh cead tús áite a thabhairt do pháistí a fhreastalaíonn ar naíonra. Aithnítear sa teoriric agus sa chleachtas go bhfuil fíorthábhacht

leis an luath-thumadh sa Ghaeilge sa naíonra mar ullmhúchán don bhunscoil lán-Ghaeilge, agus leagann an-chuid bunscoileanna lán-Ghaeilge an-bhéim ar an eispéireas foghlama seo sa pholasaí rollaithe. Tá Gaelscoileanna Teo. an-bhuíoch de gach scoil a thug tacaíocht don fheachtas go dtí seo. Scaip an eagraíocht suirbhé ar líne ar scoileanna mar bhunús na haighneachta a bhí le cur faoi bhráid an Chomhchoiste Oireachtais faoin 31 Deireadh Fómhair 2013. Tá an aighneacht ar fáil ar shuíomh gréasáin na heagraíochta faoi ‘aighneachtaí’.

#### Forbairt Ghairmiúil scoileanna

#### Forbairt Bhoird Bhainistíochta na Scoileanna

Le bliain anuas cuireadh na módúil náisiúnta, ‘Airgeadas Boird agus Ról an Chisteora’ agus ‘An Bord mar Aonán Corparáideach’ ar fáil do bhaill bhoird bhainistíochta na mbunscoileanna lán-Ghaeilge. Eagraíodh na seisiúin oiliúna seo i gcomhpháirt leis an bhForas Pátrúnachta agus cuireadh iad ar fáil in ionaid éagsúla mórtimpeall na tíre. De réir an aiseolais ó na seisiúin seo bhí go leor fiúntais ag baint leo agus tugadh an deis do scoileanna a gcásanna féin a phlé agus moltaí a lorg ó na rannpháirtithe eile. Beidh Gaelscoileanna Teo. agus an Foras Pátrúnachta ag díriú ar an dá mhodúl dheireanacha de na módúil náisiúnta a chur ar siúl do na scoileanna le linn na scoilbhliana seo. Is iad na módúil atá i gceist ná ‘Ceisteanna Dí’ agus ‘Caomhnú Leanaí’. Beidh an dá mhodúl seo tábhachtach do bhaill uile na

mbord sna scoileanna. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil leo siúd a chuir a gcuid ama ar fáil chun an oiliúint seo a sholáthar, agus leo siúd a d'fhreastail ar na seisiúin.

#### Coiste Seasta Thuaidh/Theas ar an nGaeloideachas

Tá obair, forbairtí agus tionscadail leanúnacha ar bun ag an gCoiste Seasta Thuaidh/Theas ar an nGaeloideachas le bliain anuas. Is í príomhaidhm an Choiste comhoibriú agus comhthuiscint i measc na n-eagraíochtaí a bhíonn ag plé leis an oideachas lán-Ghaeilge ón réamhscoil go hiarbhunscoil lán-Ghaeilge sa dá dhlínse agus sa Ghaeltacht a chur chun cinn. Is í Ardfeidhmeannach Gaelscoileanna Teo. atá mar Chathaoirleach ar an gcoiste ó 2011 agus a bheidh ina Cathaoirleach air go dtí Feabhra 2014. Reáchtáladh Comhdháil 2 lá ar Fhorbairt Cheannasaíocht na Scoileanna Lán-Ghaeilge an 9-10 Deireadh Fómhair 2013. Comhdháil an-rathúil a bhí ann le freastal ard ón deisceart, tuaisceart agus ón nGaeltacht. Clár lán agus fiúntach a bhí ann a dhírigh ar shainriachtanais na mbunscoileanna lán-Ghaeilge ar bhonn 32 contae. Cur chuige uathúil a bhí ann le comhoiliúnóirí i bhfeighil gach seisiúin le saineolas ar dhlínse an deiscirt agus an tuaiscirt faoi seach. Foilseofar imeachtaí na comhdhála le linn mhí na Samhna, agus beidh sé ar fáil do gach scoil ar leathanach gréasáin CSTT <http://www.gaelscoileanna.ie/ie/about/cstt/>. De bharr rath na comhdhála, tá sé i gceist ag an gCoiste Seasta iarratas ar mhaoiniú a dhéanamh chun gur féidir leanúint le hoiliúint ar shaincheisteanna a bhaineann le dúshláin na ceannasaíochta sna scoileanna lán-Ghaeilge.

#### Coiste Thuaidh/Theas ar Oiliúint Múinteoirí san scoileanna lán-Ghaeilge

Tá Gaelscoileanna Teo. mar bhall den choiste thuaidh/theas ar oiliúint múinteoirí sna scoileanna lán-Ghaeilge i gcomhar le Comhairle na Gaelscolaíochta agus le hionadaithe na seirbhísí tacaíochta ón dá Roinn Oideachais (SFGM agus CASS). An aidhm a bhaineann leis an tionscadal ná oiliúint múinteoirí a chur chun cinn tríd an gcomhoibriú thuaidh/ theas. Is é príomhfhócas an chláir oibre do 2013/2014 ná tacú leis an straitéis litearthachta agus uimhearthachta sa dá dhlínse ar na bealaí seo:

- tógáil ar chumas na gceannasaithe
- ardchaighdeán foghlama agus teagaisc a chur chun cinn
- soláthar d'fhorbairt ghairmiúil lánbhrí múinteoirí
- malartú dea-chleachtais
- cur chuige dírithe ar aschur a chur i bhfeidhm

Cuid lárnach den chláir oibre ná clár 2 lá oiliúna thuaidh/theas ag comhdháil Gaelscoileanna Teo. agus ag comhdháil Chomhairle na Gaelscolaíochta faoi seach do líon áirithe scoileanna. Tá na tionscadail reatha ag díriú ar uimhearthacht agus forbairt theanga na matamaitice as Gaeilge.

Tá sé i gceist go mbeidh buntáistí na dtionscadal á leathnú ar an ngréasán do gach bunscoil.

### Scéim phiólótach ar an aistriú ón naíonra chuig an mbunscoil lán-Ghaeilge

Cuireadh críoch leis an scéim phiólótach anuraidh agus rinneadh measúnú ar conas a d'éirigh leis. Is léir go raibh na scoileanna agus na naíonraí sásta an deis a bheith acu tabhairt faoina leithéid de scéim agus gur chuir sé leis an gcomhthuiscint idir an scoil agus an naíonra maidir lena gcuid oibre agus a gcur chuige. Bhí aiseolas an-dearfach ann chomh maith ó mhúinteoirí na naíonán a bhraith go raibh na páistí a bhí bainteach leis an scéim níos socra ag tosú ar scoil agus bhraitheadar gur thuig siad níos mó faoin obair a bhí déanta ag na páistí sa naíonra. Tá moltaí tagtha chun cinn ón measúnú seo agus ó thuairisc an taighdeora agus caithfear féachaint ar na féidearthachtaí atá ann gníomhú orthu, ag brath ar mhaoiniú agus ar an bhfoireann a bheidh ar fáil chun iad a chur i gcrích. Ag úsáid a bhfuil foghlamtha ón scéim rinneadh cur i láthair maidir leis an aistriú sa chomhthéacs lán-Ghaeilge ag comhdháil de chuid Early Childhood Ireland i mí Dheireadh Fómhair chomh maith.

### Foilseacháin

Rinneadh a lán oibre i mbliana ar fhorbairt roinnt foilseachán nua agus ar nuashonrú na bhfoilseachán atá ann cheana féin. Tá an-áthas orainn go mbeimid in ann an leagan iomlán nuashonraithe d' Ár bPolasaí Gaeilge a sheoladh ag an gComhdháil seo. Bíonn an-tóir ar an treoirleabhair seo agus i bhfianaise na tábhachta a bhaineann le cosaint shainmheon Gaeilge na scoile, is léir gur foilsíodh é go tráthúil. Beidh sé ar fáil agus á scaipeadh ar gach bunscoil gan mhoill. Táimid an-bhuíoch den eagarthóir Niamh Ní Mhaoláin, a bhí páirteach i bhforbairt an chéad leagain chomh maith. Táimid ag forbairt Ár bPolasaí Gaeilge do na hiarbhunscoileanna lán-Ghaeilge agus tá súil againn aiseolas a fháil ó na scoileanna féin faoin gclár ábhair.

Comhthionscadal nua is ea forbairt Treoirleabhair Margaíochta do naíonraí, bunscoileanna, iarbhunscoileanna agus coistí bunaithe i gcomhpháirt le Forbairt Naíonraí Teoranta chun cabhrú leis na hinstiúidí seo féinmhargaíocht a dhéanamh agus chun an leanúnachas idir leibhéil a spreagadh i measc na leibhéal, na bpobal agus na dtuismitheoirí. Léireoidh sé cur chuige praiticiúil, céim ar chéim, maidir le cur chun cinn an naíonra/na scoile i measc an phobail agus beidh sé mar áis do na trí leibhéal; réamhscoil, bunscoil agus iarbhunscoil, chomh maith le coistí bunaithe agus fiontraithe ar mian leo naíonraí a bhunú.

Seolfar an foilseachán seo ag an gcomhdháil agus beidh sé ar fáil go forleathan do scoileanna agus a gcuid pobal. Foilseachán nua eile a bheidh á sheoladh ag an gcomhdháil seo ná Treoirleabhar ar Fhorbairt an Scoilphobail. Bailíodh eolas ó na scoileanna ag an dá leibhéal, Gaeltacht san áireamh, faoina dtuiscint siúd chomh maith le moltaí i dtaobh fhorbairt an scoilphobail. Táimid an-bhuíoch díobh siúd a

chuir aiseolas ar fáil don eagarthóir Mait Ó Brádaigh, agus táimid an-bhuíoch de Mhait as an obair fhiúntach seo. Is téama mór plé é téama an scoilphobail i measc na scoileanna, idir na scoileanna, agus ag an leibhéal stáit tríd an straitéis 20 bliain. Leagtar amach ceisteanna agus ábhar machnaimh ar ról na scoileanna i bhforbairt an scoilphobail, déantar iniúchadh ar céard is scoilphobal ann agus déantar moltaí praiticiúla faoi conas é a chur chun cinn. Tá sé i gceist cóip a chur ar fáil do gach scoil agus foilseofar é i bhfoirm PDF freisin le gur féidir linn cur leis go leanúnach. Beidh sé ar fáil ó [www.gaelscoileanna.ie](http://www.gaelscoileanna.ie) i measc na bhfoilseachán eile.

Sa réimse Tacaíocht do Theaghlaigh, tá bileog nua eolais deartha do thuismitheoirí le heolas faoi na seirbhísí tacaíochta atá ar fáil ón eagraíocht, trí Choistí na dtuismitheoirí nó ar iarratas go haonarach. Forbraíodh an bhileog seo chun soiléiriú a dhéanamh ar na tacaíochtaí a chuireann an eagraíocht ar fáil do choistí na dtuismitheoirí agus tuismitheoirí go ginearálta. Is iomaí scoil a d'iarr orainn i mbliana tacaíocht a chur ar fáil ar cheisteanna a bhaineann le forbairt thuiscint na dtuismitheoirí ar cheisteanna a bhaineann leis an gcóras. Scaipeadh na bileoga agus tá fáilte roimh scoileanna tuilleadh a ordú ag staid ar bith.

Tá scoileanna ag léiriú an-sástachta leis an nuachtlitir leictreonach atá á foilsiú gach ráithe ar an suíomh agus tríd an gcóras ríomhphoist chuig gach scoil lán-Ghaeilge ar bhonn 32 contae. Táimid an-sásta leis an aiseolas ó na scoileanna agus is breá linn na scéalta agus na grianghraif a fheiceáil ag teacht isteach a chuireann go mór leis an nuachtlitir. Leanai gí oraibh ag cur ábhair chugainn!

#### Riachtanas Speisialta Oideachais sa Scoil Lán-Ghaeilge

Tá fochoiste oideachais de chuid Gaelscoileanna Teo. ag díriú le bliain anuas ar shainriachtanais an chórais Gaelscolaíochta i dtaobh na Riachtanas Speisialta Oideachais ag an dá leibhéal. Mar chuid den obair seo, reáchtáladh cruinniú idir Gaelscoileanna Teo. agus NCSE i mí Mheán Fómhair 2013 leis na riachtanais seo a phlé. D'éirigh go maith leis an gcruinniú agus d'éirigh linn feasacht a ardú i dtaobh na riachtanas atá ag na scoileanna agus nach bhfuil an Stát agus na heagrais tacaíochtaí oideachais ag díriú orthu. Rinneadh mionphlé ar dhearcadh agus cur chuige na ngairmeacha éagsúla a bhíonn ag plé le scoileanna lán-Ghaeilge, chomh maith le rudaí eile i dtaobh an tsoláthair áiseanna/cóiríochta d'aonaid éagsúla. Is tús de shraith cruinnithe iad seo agus tá i gceist againn bualadh le NEPS, NCCA agus SESS. Chun gur féidir linn an leas is fearr a bhaint as na cruinnithe seo agus ár gcás a chur ar aghaidh, bailíodh eolas ó scoileanna ag an dá leibhéal maidir le staid reatha ár gcuid scoileanna i dtaobh na Riachtanas Speisialta Oideachais. Tá sé i gceist torthaí an tsuirbhé seo a úsáid mar bhunús don fhorbairt ar riachtanais na hearnála. D'aithin NCSE agus iad ag plé linn na dúshlán a bhaineann le heaspa feasachta ar na seirbhísí tacaíochta do pháistí sa chóras lán-Ghaeilge, agus an easpa soiléirithe atá ann maidir le feiliúnacht an chórais do gach páiste. Chuige sin, tá siad sásta bileog eolais a chur le chéile do thuismitheoirí a bhfuil a pháistí sa



chóras nó tuismitheoirí ionchasacha a shoiléiríonn gur córas oscailte é an córas lán-Ghaeilge do pháistí le gach riachtanas speisialta agus a shoiléiríonn na foinsí tacaíochtaí éagsúla. Beidh Gaelscoileanna Teo. ag obair i gcomhar le NCSE leis an eolas seo a chur le chéile agus chun a chinntiú go mbeidh an córas lán-Ghaeilge tógtha san áireamh i ngach foilseachán nua agus ar shuíomhanna gréasáin de chuid na n-údarás cuí.

### 3. Forbairt Scoilphobail

Mar a luadh thuas, tá treoirleabhar maidir le forbairt scoilphobail á ullmhú ag an eagraíocht le foilsiú roimh dheireadh na bliana. Beidh an treoirleabhar bunaithe ar na dea-chleachtais atá san earnáil, ar na comhairliúcháin leis na scoileanna ag Comhdháil Oideachais 2012 agus ar shuirbhéanna i gcaitheamh na bliana. Beidh sé oiriúnach do bhunscoileanna, iarbhunscoileanna, coistí bunaithe agus grúpaí pobail eile.

Tá suíomh gréasáin na heagraíochta, [www.gaelscoileanna.ie](http://www.gaelscoileanna.ie), á fhás agus á fhorbairt go leanúnach le go mbeidh sé mar fhoinse eolais agus mar áis do phobail uile na scoileanna lán-Ghaeilge; foireann, daltaí, tuismitheoirí, eagraíochtaí tacaíochta agus comhlachtaí a chuireann seirbhísí ar fáil do na scoileanna. Tá eolas cuimsitheach ar an suíomh maidir le gach gné d'obair na heagraíochta agus déantar an t-ábhar ann a uasdátú go laethúil le go mbeidh scoileanna ar an eolas maidir le himeachtaí, scéimeanna agus deiseanna d'fhorbairt scoilphobail.

Tá rannóg foirne á forbairt don suíomh, áit a bhfuil freagraí ar na ceisteanna coitianta a chuireann foireann na scoileanna lán-Ghaeilge ar an eagraíocht. Amach anseo tá súil againn deis a thabhairt do mhúinteoirí, cúntóirí riachtanas speisialta agus foireann eile na scoile acmhainní a chomhroinnt tríd an suíomh. Cuirfear fáilte roimh ábhar don rannóg seo ó na scoileanna agus tugtar creidiúint don údar nuair a fhoilsítear ar an suíomh é.

Tá rannóg nua ar an suíomh atá dírithe go speisialta ar thuismitheoirí agus a thugann freagraí simplí, soiléire ar na ceisteanna coitianta a chuirtear maidir le hoideachas lán-Ghaeilge.

Tá rannóg nua ar an suíomh ina bhfuil gach eolas maidir leis na haighneachtaí atá idir lámha ag an eagraíocht thar ceann na scoileanna lán-Ghaeilge, aighneachtaí maidir le polasaithe iontrála agus comhairliúchán poiblí faoin uileghabhálacht i mbunscoileanna ina measc.

Foilsítear nuachtlitir chlóite gach ráithe agus scaiptear cóip ar gach scoil, chomh maith le cóip leictreonach chuig teagmhálaithe uile na heagraíochta. Tá an nuachtlitir ar fáil don mhórphobal ar [www.gaelscoileanna.ie](http://www.gaelscoileanna.ie).

Leanadh leis an tionscnamh 'An Traein' le Forbairt Naíonraí Teo. ar cuireadh tús leis in 2012. Cuimsíonn an lámhleabhar a foilsíodh moltaí maidir le conas is féidir le naíonra agus bunscoil lán-Ghaeilge comhoibriú chun leasa an aistrithe do na páistí atá ag bogadh ón naíonra chuig an ngaelscoil.

Tá Gaelscoileanna Teo. ag plé go leanúnach le Forbairt Naíonraí Teo. agus Foras na Gaeilge maidir le ciste infheistíochta a úsáid chun bunú cúram iarscoile Lán-Ghaeilge a phleanáil.

Tugtar deiseanna poiblíochta agus margaíochta d'eagraíochtaí agus comhlachtaí a chuireann seirbhísí agus acmhainní ar fáil do scoileanna agus mórphobal na Gaeilge, bhí deis acu seastán a bheith acu ag Comhdháil na Ceannasaíochta agus ag an gComhdháil Oideachais agus foilsítear eolas maidir lena seirbhísí go rialta ar [www.gaelscoileanna.ie](http://www.gaelscoileanna.ie).

Is iad an dá thionscadal is mó atá ag an eagraíocht sa réimse Forbairt Scoilphobail faoi láthair ná na hImeachtaí Idirscoile agus an comórtas Scléip.

#### Imeachtaí Idirscoile

Tríd an scéim seo, bíonn deis ag scoileanna imeacht dá rogha féin a reáchtáil le scoileanna eile le cúnamh airgid bunaithe ar líon na scoileanna rannpháirteacha. Bhain níos mó ná 180 scoil tairbhe as an scéim in 2013 agus bhí éileamh níos mó ná riamh ar na deontais. Tá roinnt comhlachtaí agus áisitheoirí d'imeachtaí idirscoile foilsithe ar [www.gaelscoileanna.ie](http://www.gaelscoileanna.ie) le níos mó ná 30 eagraíocht éagsúil luaite air, agus cuirtear leis go minic. Foilsítear eolas mar gheall ar imeachtaí eagraíochtaí leasmhara eile ann chomh maith, le gur féidir le scoileanna úsáid a bhaint as an deontas le freastal ar na himeachtaí sin más mian leo.

Foilsíodh tuairisc agus grianghraif ó na scoileanna rannpháirteacha maidir lena gcuid imeachtaí, le go spreagfaí scoileanna eile le buntáiste a bhaint as an scéim. Spreagadh comhoibriú idir scoileanna sa cheantar céanna agus tugadh deis do scoileanna gaol a chruthú le scoileanna eile ar fud na tíre; d'eagraigh scoileanna tionscnaimh trasteorann agus cuairteanna chuig scoileanna oileáin tríd an scéim i mbliana agus rinne scoileanna nua imeachtaí a reáchtáil le scoileanna reatha an cheantair, le cairdeas agus comhoibriú a chur chun cinn.

## Scléip 2013

Ritheadh an comórtas tallainne do na hiarbhunscoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta, Scléip, i gcéad leath na bliana 2013. Príomhaidhm Scléip ná daltaí a spreagadh le Gaeilge a úsáid i réimsí éagsúla de na healaíona, agus tá sé dírithe ar cheol, amhráin, cóiréagrafaíocht agus drámaíocht nuachumtha Gaeilge a chur chun cinn. Bhí rath agus iomrá ar Scléip 2013 agus bhí rannpháirtíocht ard ann ó scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta ar fud na tíre – ghlac níos mó ná 500 dalta ó iarbhunscoileanna lán-Ghaeilge páirt ann.

Reáchtáladh 4 bhabhta réigiúnacha i mBaile Átha Cliath, Cill Dara, Corcaigh agus Doire agus tugadh buaiteoirí na mbabhtáí sin le chéile san Amharclann Axis, Baile Átha Cliath don chraobh le linn mhí an Mhárta, áit a raibh baill den ghrúpa Kíla mar mholtóirí ar an gcomórtas. Léiríodh caighdeán an-ard de chur i láthair ó na daltaí agus tá ardmholadh ag dul dóibh as a gcuid scileanna ardáin. Ba é an t-aisteoir agus scéalaí Gearóid Ó Gealbháin as Gaelcholáiste Chiarraí a bhuaigh Duais an Chomórtais, le duais Rogha Kíla ag dul chuig compántas ó Ghaelcholáiste Chill Dara don dráma Na Seacht bPeaca Mharfacha agus Duais an Spotsholais bronnta ar an gceoltóir óg Cathal Ó Cuireáin as Pobalscoil Ghaoth Dobhair.

Craoladh sraith 5 chlár bunaithe ar Scléip ar Raidió na Gaeltachta le linn an tsamhraidh, taifeadta ag Fiachna Ó Braonáin agus Raven Productions, a thug deis don mhórphobal blaiseadh a fháil den bhua agus tallann a léiríodh le linn an chomórtais. Cuireadh tús leis na hullmhúcháin do Scléip 2014 láithreach!

## Cuíchóiriú na hEarnála Deonáí

Tá mór-athruithe i ndán do na heagraíochtaí Gaeilge san earnáil dheonach atá á maoiniú ag Foras na Gaeilge le blianta fada anuas, Gaelscoileanna Teo. ina measc ó fógraíodh an 10 Iúil 2013 cinneadh na Comh-aireachta Thuaidh/Theas i leith thodhchaí maoinithe na n-eagras. An 30 Meitheamh 2014 beidh deireadh leis an gcóras reatha maoinithe, agus ina áit beidh 19 n-eagras ag fáil bunmaoiniú, dáilfear an maoiniú ar 6 cheanneagraíocht a bheidh i gceannas 6 réimse nua agus de réir plean uile-oileáin a bheidh le haontú le Foras na Gaeilge agus ceannairí na gceanneagraíochtaí eile. Tá sé i gceist gur socrú fadtéarmach a bheidh ann a mhairfidh tamall fada de bhlianta, agus a bheidh solúbtha go leor le riar ar athruithe sna tosaíochtaí agus sna riachtanais le himeacht ama. Roghnófar na heagraíochtaí de réir próiseas iarratais. Fógrófar na buaiteoirí go luath san athbhliain agus beidh ar na heagraíochtaí a n-éiríonn lena n-iarratas an struchtúr eagraíochta agus an clár oibre a chur in oiriúint don réimse nua. Ní bheidh aon mhaoiniú ar fáil a thuilleadh ó Fhoras na Gaeilge d'eagraíochtaí nach n-éiríonn lena n-iarratas. Tá súil ag Gaelscoileanna Teo. go mbeidh rath ar a iarratas sa réimse

Gaeloideachas/Tumoideachas agus Réamhscolaíocht Lán-Ghaeilge agus tá an eagraíocht i mbun comhchainteanna leis na páirtithe cuí eile i réimse na réamhscolaíochta chun leas na hearnála ina iomláine. Tá sé mar aidhm ag an eagraíocht seirbhísí tacaíochta agus forbartha na heagraíochta a chosaint agus a chaomhnú agus cás a chur le chéile ar son fhorbairt mhór na hearnála. Cuirfear rún faoi bhráid na mball ag an gCruinniú Cinn Bhliana an 23 Samhain i leith athstruchtúrú na heagraíochta. Tá sé curtha in iúl do na heagraíochtaí uile go mbeidh orthu an clár oibre a chur in oiriúint don toradh ar an iarratas ar mhaoiniú agus go mbeidh gnáthsheirbhísí na heagraíochta le leasú dá réir don tréimhse Eanáir – Meitheamh 2014.

In ainneoin os cionn dhá bhliain de chomhchainteanna agus forbairt cáipéisí i gcomhar le hEagraíocht na Scoileanna Gaeltachta i dtreo cónasctha, chinn Gaelscoileanna Teo. san Earrach an cheist a chur ar leataobh go dtí go mbeadh soiléireacht faighte ón dá mhaoinitheoir faoi seach, is é sin Foras na Gaeilge agus an Roinn Oidhreachta, Eolaíochta agus Gaeltachta, maidir leis an struchtúr maoinithe a bheadh ag an eagraíocht nua. In ainneoin an-chuid iarrachtaí soiléiriú a fháil ar an gceist, ní bhfuair an dá eagrás aisfhreagra ar ár gcás i dtaobh struchtúr maoinithe. De bharr easpa maoinithe do ESG ó 01.01.14 chinn baill ESG an comhlacht a scor le feidhm ó dheireadh na bliana seo. Rithfear toghchán san athbhliain maidir le todhchaí na heagraíochta mar eagraíocht dheonach.

#### Nótaí beag buíochais

Thar ceann na foirne, is mian liom mo bhuíochas ó chroí a ghabháil leis an mBord Stiúrtha as a gcúnamh leanúnach don fheidhmeannas. Táimid an-bhuíoch den Uachtarán, Máirín Ní Chéileachair, a chuireann í féin ar fáil go fial flaithiúil, agus atá sásta a saineolas agus a saintuiscint ar an gcóras ina iomláine a roinnt linn i gcónaí. Is mór againn a tacaíocht agus tacaíocht an bhoird ina iomláine.

#### Buíochas leis an bhFoireann

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil leis an bhfoireann as a gcumas, a ndúthracht agus a gcúnamh agus iad i mbun a gcuid dualgas. Ba bhliain dhúshlánach í mar thoradh ar an easpa soiléireachta atá ann faoi thodhchaí na heagraíochta agus na foirne dá réir, agus táim an-bhuíoch daoibh as dearfach agus gairmiúlacht a léiriú i gcónaí. Bhí ualach mór oibre sa bhreis ar gach ball den fhoireann, ar Nóra go háirithe, agus mé ar shaoire mháithreachais agus táim fíorbhuíoch as toilteanas agus comhoibriú na foirne go léir i gcónaí.

#### Buíochas le Foras na Gaeilge

Táimid an-bhuíoch d'Fhoras na Gaeilge as an maoiniú a ceadáíodh go Meitheamh 2014 chun gur féidir linn leanúint ag feidhmiú mar eagraíocht náisiúnta chomhordaithe agus tacaíochta do na scoileanna lán-Ghaeilge. Gabhaimid buíochas ar leith le Seán Ó Coinn agus le Joe Ó Coinne as an gcomhoibriú agus an gcúnamh leanúnach.

Bláthnaid agus foireann Gaelscoileanna Teo.

Samhain 2013

# Tuairisc an Rúnaí 2013

Reáchtáladh cruinnithe ag leibhéal an Bhoird Stiúrtha ó Chomhdháil 2012 i leith ar na dátaí seo a leanas:

5 Eanáir 2013, 2 Feabhra 2013, 9 Márta 2013, 13 Aibreán 2013, 23 Bealtaine 2013, 21 Meitheamh 2013, 29 Iúil 2013, 7 Meán Fómhair 2013, 10 Deireadh Fómhair 2013.

Bliain ghnóthach dhúshlánach eile a bhí ann do Bhord Stiúrtha Gaelscoileanna Teo. ag treorú phlean oibre na bliana. Osclaíodh trí ghaelscoil nua i mbliana – Gaelscoil na Giúise i dTeach na Giúise, Gaelscoil Shliabh Rua sa Chéim agus Gaelscoil Mhic Aodha i mBaile Chill Dara. Cúis díomá do Ghaelscoileanna Teo. nach bhfuil aon scoil lán-Ghaeilge i measc na scoileanna nua atá le bunú in 2014. Leanfaidh Gaelscoileanna Teo. ag plé leis an Roinn maidir leis an ró-éileamh ar an oideachas lán-Ghaeilge i gceantair ar fud na tíre, ag éileamh go gcuirfí sainmheon teanga agus ceart oideachais páistí san áireamh agus an Roinn ag pleanáil chun cinn maidir le soláthar scoile. Tá Gaelscoileanna Teo. i mbun cainteanna go leanúnach leis an Roinn Oideachais agus Scileanna maidir le cás na scoileanna lán-Ghaeilge atá faoi phátrúnacht an Easpaid i dtaobh chur chuige an phainéil do cheapachán múinteoirí atá oiriúnach don chóras scolaíochta lán-Ghaeilge. Tá tacaíocht faighte ag Gaelscoileanna Teo. ó gach ceann de na pátrúin agus ó CMÉ.

Bhí plé leanúnach ag Gaelscoileanna Teo. i gcomhar leis an bhFóram (guth aontaithe na n-eagraíochtaí bunmhaoinithe) ag comhoibriú agus ag plé leis an bhForas faoin múnla nua molta d'earnáil dheonach na Gaeilge. Ar an 1 Iúil 2014 beidh deireadh leis an gcóras reatha maoinithe agus dáilfear an maoiniú ar 6 cheanneagraíocht a bheidh i gceannas 6 réimse nua agus de réir plean uile-oileáin a bheidh le haontú le Foras na Gaeilge agus ceannairí na gceanneagraíochtaí eile. Tá súil ag Gaelscoileanna Teo. go n-éireoidh lena iarratas i réimse an Tumoideachais agus na Réamhscolaíochta Lán-Ghaeilge. Chinn Bord Stiúrtha Gaelscoileanna Teo. na cainteanna faoi chónascadh le hESG a chur ar athlár i rith na bliana go dtí go bhfaighfear soiléiriú ar chomhthéacs an mhúnla nua maoinithe don earnáil.

Rinneadh oiliúint ar na Boird Bhainistíochta a eagrú i gcomhpháirt leis an bhForas Pátrúnachta le linn na bliana agus beidh a thuilleadh oiliúna á eagrú le linn na scoilbhliana 2013-2014. Arís i mbliana bhí an-éileamh ar na himeachtaí idir scoile. Reáchtáladh comórtas tallainne na n-iarbhunscoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta 'Scléip' i rith na bliana agus d'éirigh thar barr leis.

Tá an nuachtlitr leictreonach á foilsiú gach ráithe ar an suíomh agus á cur tríd an gcóras ríomhphoist chuig gach scoil lán-Ghaeilge ar bhonn 32 Contae. Foilsíodh an dréachtbhille rollacháin scoile do bhunscoileanna agus iarbhunscoileanna le déanaí agus léiríodh dea-thoradh an fheachtais a chuir Gaelscoileanna Teo. sa tsiúl i gcomhar le páirtithe eile i dtaobh cosaint a thabhairt do theaghlach lán-Ghaeilge a dteastaíonn oideachas lán-Ghaeilge uathu dá bpáistí. Tá Gaelscoileanna Teo. ag stocaireacht go leanúnach maidir le conas déileáil go sásúil le ró-éileamh ar scoileanna ar bhealach a chaomhnaíonn sainmheon teanga na scoile. Tá feachtas agus stocaireacht leanúnach ar siúl ag Gaelscoileanna Teo. maidir le ceist na scoileanna atá lonnaithe i gcóiríocht shealadach chomh maith.

Bhí Gaelscoileanna Teo., atá mar bhall-eagraíocht den Choiste Seasta Thuaidh/Theas ar an nGaelloideachas páirteach sa chomhdháil uile-Éireann ar

fhorbairt na Ceannasaíochta sa Scoil Lán-Ghaeilge. D'éirigh thar barr leis an gComhdháil 2 lá a bhí ar siúl an 9 agus an 10 Deireadh Fómhair 2013. Comhghairdeas le Bláthnaid Ní Ghreacháin, Ardfheidhmeannach Gaelscoileanna Teo. atá mar Chathaoirleach reatha ar CSTT as comhdháil uathúil den scoth a eagrú. Mar chuid den obair thábhachtach atá idir lámha ag an bhfochoiste oideachais reáchtáladh cruinniú idir Gaelscoileanna Teo. agus NCSE ar riachtanais speisialta na bpáistí i scoileanna lán-Ghaeilge. Tá suirbhé scaipthe ar na scoileanna uile chun eolas a bhailiú d'fhonn cás láidir na scoileanna lán-Ghaeilge a phlé leis an Roinn Oideachais agus Scileanna. Pléadh cás liúntas na múinteoirí a ghearrtar má bhogann múinteoir ó Ghaelscoil amháin go Gaelscoil eile agus atá á gcur i bhfeidhm do na príomhoidí nua chomh maith le CMÉ i rith an tsamhraidh.

Rinneadh obair fhiúntach i mbliana ar cheann de phríomhréimsí oibre Gaelscoileanna Teo., 'Forbairt Scoilphobail.' Tar éis dul i dteagmháil le scoileanna agus le pobal scoileanna le suirbhé 'An Ghaeilge agus Pobal na Scoile' tá áthas orainn a fhógairt go bhfuil ár dtreoirleabhar féin 'Ar bPolasaí Scoilphobail' réidh. Seolfar an leabhar seo ag ár gComhdháil an 22 Samhain san Óstán Johnston, An Bóthar Buí.

Gabhaim buíochas leis an Uachtarán, leis an mBord Stiúrtha, le foireann Gaelscoileanna Teo. agus le pobal uile na scoileanna agus muid ag ullmhú do chomhchomhdháil oideachais eile agus ceiliúradh 40 bliain na hEagraíochta.

Yvonne Ní Mhurchú  
Rúnaí an Bhoird Stiúrtha

# Dréacht-Mhiontuairiscí Cruinniú Cinn Bhliana, an 23 Samhain 2012

Díríodh aird an tslua ar na miontuairiscí ó Chruinniú Cinn Bhliana 2011

Molta: Cathnia Ó Muircheartaigh

Tacaithe: Fíona Uí Uiginn

## **Tuairisc an Rúnaí**

Cuireadh Tuairisc an Rúnaí 2012 i láthair an chruinnithe.

## **Cuntais na Bliana**

Cuireadh na cuntais iniúchta 2011 i láthair an chruinnithe.

## **Tuairisc na hEagraíochta 2012 agus Tuairisc ar na Rúin 2011**

Chuir Nóra Ní Loingsigh Tuairisc na hEagraíochta 2012 agus Tuairisc ar na Rúin ó ritheadh an Cruinniú Cinn Bhliana 2011 i láthair an chruinnithe. Tugadh léargas ar obair na heagraíochta ó Chomhdháil Bhliantúil 2011 de réir na rún a ritheadh ag Cruinniú Cinn Bhliana 2011 agus de réir 3 príomhréimse oibre na heagraíochta: Bunú Scoileanna, Buanú Scoileanna agus Forbairt Scoilphobail. Ghabh Nóra buíochas leis an Uachtarán Máirín Ní Chéileachair, leis an mBord Stiúrtha agus leis an bhfoireann iomlán. Ghuigh sí gach rath ar Clare Walsh atá imithe óna post.

## **Na Toghcháin**

## **Toghchán na nOifigeach**



Leas-Uachtarán:	Pádraig Ó Duinneacha, tofa gan iomaíocht.
Rúnaí:	Yvonne Ní Mhurchú, tofa gan iomaíocht.
Leas-Rúnaí:	Clodagh Ní Mhaoilchiaráin, tofa gan iomaíocht.
Cisteoir:	Dealgan Ó Ciarubháin, tofa gan iomaíocht
Oifigeach Caidrimh Phoiblí:	Cathnia Ó Muircheartaigh, tofa gan iomaíocht.
Oifigeach Polasaí agus Pleanála:	Mícheál Ó Broin, tofa gan iomaíocht.

### **Toghchán na nGnáthstíúirí**

Mhol an tUachtarán go dtoghfaí an 9 n-iarrthóir mar ghnáthstíúirí. Tacaíodh leis an moladh seo.

Toghadh na 9 n-iarrthóir d'aon ghuth.

Norma Ní Chonchúir

Hazel Ní Phiogóid

Seán Mag Oireachtaigh

Cathal Ó Luain

Póla Ní Chinnsealaigh

Fíona Uí Uiginn

Elaine Ní Shé

Seán Ó Nuanáin

Aoife Ní Chochláin

### **Na Rúin**

**Na Rialacha Seasta** – Díródh aird gach duine ar na rialacha seasta agus míníodh nach bhfuil cead vótála ach ag baill chláraithe amháin.

Cuireadh na rúin os comhair an chruinnithe mar seo a leanas:

**Rún 1:**

Bogadh Rún 15 ar aghaidh mar phríomhrún

Rinneadh leasú ar an rún, mar seo a leanas:

“Éilíonn an Chomhdháil seo go ndéanfaidh an Roinn Oideachais agus Scileanna athbheithniú láithreach ar an gcinneadh go ndéanfar COGG a chónascadh le CNCM. I gcomhthéacs Straitéis 20 Bliain an Rialtais don Ghaeilge éilimid freisin go gcuirfear an tacaíocht chuí agus riachtanach ar fáil trí bhreis foirne a cheadú láithreach.”

Molta: Mícheál Ó Broin

Tacaithe: Cathnia Ó Muircheartaigh

Glacadh leis an leasú d’aon ghuth.

Ritheadh an rún:

Molta: Mícheál Ó Broin

Tacaithe: Cathnia Ó Muircheartaigh

Ritheadh an rún d’aon ghuth.

Bhí Pádraig Ó Duinneacha sa chathaoir do Rún 2 – 5

**Rún 2:**

Molta: Máirín Ní Chéileachair

Tacaithe: Seán Ó hArgáin

Ritheadh an rún d’aon ghuth.

**Rún 3:**

Molta: Mairín Ní Chéileachair

Tacaithe: Fíona Uí Uiginn

Ritheadh an rún d'aon ghuth.

**Rún 4:**

D'aontaigh an cruinniú go rithfí an rún

Molta: Mícheál Ó Broin

Tacaithe: Cathnia Ó Muircheartaigh

Ritheadh an rún d'aon ghuth.

**Rún 5:**

Molta: Máirín Ní Chéileachair

Tacaithe: Elaine Ní Shé

Ritheadh an rún d'aon ghuth

**Rún 6:**

Rinneadh leasú ar an rún, mar seo a leanas:

“Éilíonn an Chomhdháil seo nach gcuirfear breis laghdaithe i bhfeidhm ar an deontas caipitil, nach mbainfear na liúntais a íochtar le múinteoirí a mhúineann trí mheán na Gaeilge agus nach ndéanfar aon athrú eile ar an gcóimheas múinteoirí le daltaí nó bheadh impleachtaí an-tromchúiseacha ann d'fheidhmiú éifeachtach na scoileanna lán-Ghaeilge.”

Molta: Mícheál Ó Broin

Tacaithe: Cathnia Ó Muircheartaigh

Glacadh leis an leasú d'aon ghuth

Molta: Mícheál Ó Broin

Tacaithe: Cathnia Ó Muircheartaigh

Ritheadh an rún d'aon ghuth

### **Rún 7:**

Molta: Cathal Ó Luain

Tacaithe: Seán Mac Oireachtaigh

Ritheadh an rún d'aon ghuth.

### **Rún 8:**

D'aontaigh an cruinniú go rithfí Rún 8

Molta: Mícheál Ó Broin

Tacaithe: Fíona Uí Uiginn

Ritheadh an rún d'aon ghuth

### **Rún 9:**

Molta: Cathnia Ó Muircheartaigh

Tacaithe: Cathal Ó Luain

Ritheadh an rún d'aon ghuth

**Rún 10:**

Molta: Hazel Ní Phiogóid

Tacaithe: Mícheál Ó Broin

Ritheadh an rún d'aon ghuth

**Rún 11:**

Molta: Norma Ní Chonchúí

Tacaithe: Cathnia Ó Muircheartaigh

Ritheadh an rún d'aon ghuth

**Rún 12:**

Molta: Póla Ní Chinnsealaigh

Tacaithe: Seán Ó hArgáin

Ritheadh an rún d'aon ghuth.

**Rún 13:**

Molta: Mícheál Ó Broin

Tacaithe: Cathal Ó Luain

Ritheadh an rún d'aon ghuth.

**Rún 14:**

Molta: Pádraig Ó Duinneacha

Tacaithe: Mícheál Ó Broin

Ritheadh an rún d'aon ghuth.

#### **Rún 15:**

Molta: Fíona Ní Uiginn

Tacaithe: Mait Ó Brádaigh

Ritheadh an rún d'aon ghuth.

#### **Rún 16:**

Molta: Yvonne Ní Mhurchú

Tacaithe: Elaine Ní Shé

Ritheadh an rún d'aon ghuth.

#### **Aon Ghnó Eile:**

Ghabh an tUachtarán buíochas le gach duine i láthair agus le ESG as an gcomhchomhdháil a eagrú. Ritheadh rún buíochais agus comhghairdis le foireann na heagraíochta as comhdháil den scoth a eagrú. Gabhadh buíochas le foireann an óstáin chomh maith.

Ritheadh rún buíochais le Deirdre Nic Gabhann as a dílseachta agus a tacaíochta i gcónaí mar bhall den Bhord Stiúrtha ar ócáid a himeachta ón mBord Stiúrtha. Fáiltíodh roimh Aoife Ní Chochláin mar bhall nua den Bhord Stiúrtha.

Scoir an cruinniú.

**GAELSCOILEANNA TEORANTA**

**(CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPITEAL)**

**HALLA NAOMH PHÁDRAIG**

**INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO**

**ASCAILL UÍ GRÍOFA**

**BAILE ÁTHA CLIATH 9**

**RÁITIS AIRGEADAIS**

**DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2012**

**GAELECOILEANNA TEORANTA**

**(CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPITEAL)**

<b><u>CLÁR</u></b>	<b><u>LEATHANACH</u></b>
Eolas	3
Tuarascáil na Stiúrthóirí	4
Freagrachtaí Stiúrthóirí	5
Tuarascáil an Iniúcháir	6/7
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	8
Clár Comhardaithe	9
Nótaí ar na Cuntais	10/11





## GAELSCOILEANNA TEORANTA

### (CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPITEAL)

#### EOLAS

Stiúrthóirí : Uachtarán Máirín Ní Chéileachair  
Pádraig Ó Duinneacha  
Mícheál Ó Broin  
Cathnia Ó Muircheartaigh  
Yvonne Ní Mhurchú  
Clodagh Ní Mhaoilchiaráin  
Dealgan Ó Ciarubháin  
Seán Mag Oireachtaigh  
Cathal Ó Luain  
Seán Ó Nuanáin  
Póla Ní Chinnsealaigh  
Fíona Uí Uiginn  
Hazel Ní Phiogóid  
Norma Ní Chonchúir  
Elaine Ní Shé  
Aoife Ní Chochláin

Rúnaí : Yvonne Ní Mhurchú

Oifig Chláraithe : Halla Naomh Phádraig

Institiúid Oideachais Marino

Ascaill Uí Ghríofa

Baile Átha Cliath 9

Uimhir Chláraithe : 317146

Uimhir CHY : 13520

Baincéirí : Bainc Aontas Éireann  
40/41 Sráid an Fheistí  
Baile Átha Cliath 2

Iniúcháir : Dáithí Ó Maolchoille  
Cuntasóir Cairte agus  
Iniúcháir Cláraithe  
75 Páirc Weston  
Baile an Teampaill  
Baile Átha Cliath 14

**GAELSCOILEANNA TEORANTA**

**(CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPIEAL)**

**TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ**

## **DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2012**

Cuireann na stiúrthóirí a ráitis airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2012 faoi bhráid na gcomhaltaí.

### **ATHBHREITHNIÚ AR IMEACHTAÍ NA BLIANA**

Is scátheagraíocht í an chuideachta a chomhordaíonn agus a thugann tacaíocht do Ghaelscoileanna ar fud na tíre.

### **TORTHAÍ NA BLIANA AGUS STAID CÚRSAÍ AR 31 NOLLAIG 2012**

Tá an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais agus an Clár Comhardaithe don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2012 ar leathanaigh 8 go 12. Tá toradh na bliana le léamh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais ar leathanach 8. Tá staid chúrsaí na cuideachta léirithe ar an gClár Comhardaithe ar leathanach 9.

### **STIÚRTHÓIRÍ**

Ar 23 Samhain 2012 d'éirigh Deirdre Nic Gabhann as an mBord Stiúrtha agus ceapadh Aoife Ní Chochláin mar stiúrthóir.

De réir na nAirteagal Comhlachais éiríonn na stiúrthóirí go léir as oifig ag an gcruinniú cinn bhliana agus, iad a bheith inainmnithe, cuireann siad iad féin ar fáil le bheith atofa. Éiríonn an tUachtarán as oifig gach dara bliain agus í a bheith inainmnithe, cuireann sí í féin ar fáil le bheith atofa.

Gníomhaíonn na stiúrthóirí go léir ar bhonn deonach.

### **IMEACHTAÍ TÁBHACHTACHA Ó DHEIREADH NA BLIANA**

Ní raibh aon imeachtaí tábhachtacha a bhaineann leis an gcuideachta ó dheireadh na bliana.

### **FORBAIRTÍ AMACH ANSEO SA GHNÓTHAS**

Leanfaidh an chuideachta ag feidhmiú faoi mar atá sí faoi láthair sa bhliain seo chugainn.

### **LEABHAIR CHUNTAIS**

Is iad na céimeanna a ghlacann na stiúrthóirí chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil coinníollacha Ailt 202 de Acht na gCuideachtaí 1990, faoi leabhair chuntais chuí, á gcomhlíonadh ná: na polasaithe agus na nósmaireachtaí riachtanacha a fheidhmiú chun idirbhearta a chlárú; foireann chuntasafóichta chumasach, le taithe oiriúnach, a fhostú; agus

dóthain acmhainní a sholáthar chun chúram a dhéanamh de na cuntais. Coimeádtar na leabhair chuntais ag Oifig Chláraithe na Cuideachta.

## **INIÚCHÓIR**

Chuir Dáithí Ó Maolchoille, Cuntasóir Cairte agus Iniúchóir Cláraithe, in iúl go bhfuil sé toilteanach leanúint in oifig de réir Alt 160(2), Acht na gCuideachtaí 1963.

Ar son na stiúrthóirí

**MÁIRÍN NÍ CHÉILEACHAIR**

**DEALGAN Ó CIARUBHÁIN**

Stiúrthóirí

9 Márta 2013

## GAELSCOILEANNA TEORANTA

### (CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPITEAL)

## DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2012

### RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ STIÚRTHÓIRÍ

Tá na stiúrthóirí freagrach as an Tuarascáil Bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir dhlíthe oiriúnacha agus de réir Chleachtais Chuntasaíochta a bhfuil gnáth-ghlacadh leo in Éirinn, ar a n-áirítear na caighdeáin chuntasaíochta atá eisithe ag an mBord um Chaighdeáin Cuntasaíochta agus atá foilsithe ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann.

De réir dlí cuideachta tá iallach ar na stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhair gach bliana airgeadais a thugann léargas fíor cothrom ar ghnóthaí na cuideachta agus ar bhrabús nó ar chaillteanas na cuideachta don tréimhse sin. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú acu ní foláir do na stiúrthóirí:

- polasaithe cuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus ansin iad a chur i bhfeidhm go leanúnach,
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama,
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin sa chás go bhfuil sé mí-oiriúnach a cheapadh go leanfaidh an chuideachta i mbun gnó.

Deimhníonn na stiúrthóirí go bhfuil na riachtanais thuas comhlíonta agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu.

Tá na stiúrthóirí freagrach as taifid chuntasaíochta chúí a choimeád a léiríonn le cruinneas réasúnta stádas airgeadais na cuideachta ag am ar bith agus a chuireann ar a gcumas bheith deimhin de go bhfuil na ráitis airgeadais ullmhaithe de réir Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2012. Tá siad freagrach freisin as sócmhainní na cuideachta a chosaint agus dá réir sin as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus gnóthaí cama eile a chosc agus a aimsiú.

Chomh fada agus is eol do na stiúrthóirí:

- níl aon fhaisnéis ábhartha iniúchóireachta ann (faisnéis a bheadh ag teastáil ón iniúchóir agus é ag ullmhú a thuarascála) nach eol do iniúchóir na cuideachta, agus
- tá gach céim glactha ag na stiúrthóirí a ba chóir dóibh a ghlacadh chun iad féin a chur ar an eolas faoi aon fhaisnéis ábhartha iniúchóireachta agus chun a chinntiú go bhfuil iniúchóir na cuideachta ar an eolas faoin bhfaisnéis sin.

Ar son na stiúrthóirí

**MÁIRÍN NÍ CHÉILEACHAIR**

**DEALGAN Ó CIARUBHÁIN**

Stiúrthóirí

9 Márta 2013

## **GAELSCOILEANNA TEORANTA**

### **(CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPTÉAL)**

#### **TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁCH DO NA COMHALTAÍ**

Tá iniúchadh déanta agam ar na ráitis airgeadais de Ghaelscoileanna Teoranta don bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2012 ar a n-áirítear an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid, Ráiteas na nGnóthachan agus na gCailteanas Iomlán Admhaithe agus na nótaí gaolmhara ar leathanaigh 8 go 12. Is iad dlí na hÉireann agus caighdeáin chuntasaíochta eisithe ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais agus foilsithe ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (Cleachtais Chuntasaíochta a bhfuil gnáth-ghlacadh leo in Éirinn) an creat tuairisciú airgeadais atá i bhfeidhm in ullmhú na ráiteas airgeadais.

Is do chomhaltaí na cuideachta amháin, mar chomhlacht, faoi réir Alt 193 de Acht na gCuideachtaí 1990 a dhéantar an tuarascáil seo. Chuaigh mé i mbun na hoibre iniúchta le go bhféadfainn a lua le comhaltaí na cuideachta na nithe sin a cheanglaítear orm a lua i dtuarascáil iniúchóra agus chun na críche sin amháin. Chomh fada agus is ceadmhach dom de réir dlí ní ghlacaim ná ní ghabhaim chugam féin freagracht do dhuine ar bith seachas don chuideachta agus do chomhaltaí na cuideachta mar chomhlacht, as m'obair iniúchta, as an tuarascáil seo, ná as na tuairimí ar tháinig mé orthu.

#### **Freagrachtaí na stiúrthóirí agus an iniúchóra faoi seach**

Mar atá mínithe níos iomláine san Ráiteas ar Fhreagrachtaí Stiúrthóirí atá leagtha amach ar leathanach 5, tá na stiúrthóirí freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais chun léargas fíor agus cothrom a thabhairt. Is é an dualgas atá orm na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairim a nochtadh orthu faoi réir dhlí na hÉireann agus na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchta (RA agus Éire). Éilíonn na caighdeáin seo go gcloífinn le Caighdeáin Eitice do Iniúchóirí an Bhoird um Chleachtais Iniúchta.

#### **Scóp iniúchadh na ráiteas airgeadais**

Áirítear, in iniúchadh, fianaise a fháil faoi na suimeanna agus nochtadh faisnéise sna ráitis airgeadais chun dóthain cinnteachta réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíshonrú ábhartha, cé acu calaois nó earráid ba chúis leis. Áirítear leis seo measúnú ar: cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na polasaithe cuntasaíochta oiriúnach do chúinsí na cuideachta agus cé acu an gcuirtear nó nach gcuirtear na polasaithe sin i bhfeidhm go comhsheasmhach



agus an nochtar go leordhóthanach iad; réasúntacht meastachán cuntasáíochta suntasacha a rinne na stiúrthóirí; agus cur i láthair na ráiteas airgeadais. De bhreis air sin, léim an fhaisnéis airgeadais agus neamh-airgeadais go léir i dTuarascáil na Stiúrthóirí chun nithe neamh-chomhsheasamhacha leis na ráitis airgeadais iniúchta a aithint. Má thagaim ar eolas faoi mhíríteas nó faoi nithe neamh-chomhsheasamhacha ábhartha déanaim na himpleachtaí do mo thuarascáil a mheas.

## **GAELSCOILEANNA TEORANTA**

### **(CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPITEAL)**

#### **TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁCH DO NA COMHALTAÍ**

##### **(ar leanúint)**

Tá an t-iniúchadh déanta agam faoi réir choinníollacha Chaighdeán Eitice an Bhoird um Chleachtais Iniúchta lena n-áirítear Caighdeán Eitice an Bhoird um Chleachtais Iniúchta – Forálacha ar fáil d'Aonáin Bheaga, mar atá leagtha amach i nóta 6 de na ráitis airgeadais.

#### **Tuairim ar na ráitis airgeadais**

Is í mo thuairim maidir leis na ráitis airgeadais:

- go dtugann siad léargas fíor agus cothrom faoi réir na gCleachtas Cuntasáíochta a bhfuil gnáth-ghlacadh leo in Éirinn ar ghnóthaí na cuideachta mar a bhí ar an 31 Nollaig 2012 agus ar a toradh don bhliain a chríochnaigh ansin; agus
- gur ullmhaíodh iad i gceart de réir Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2012.

#### **Ábhair a éilíonn Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2012 orm a thuairisciú**

- Fuair mé an fhaisnéis agus na mínithe go léir a mheas mé ba ghá i gcomhair mo iniúchta.
- Is í mo thuairim gur choimeád an chuideachta leabhair chuntais chuí.
- Tá na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na leabhair chuntais.

#### **Ábhair gur gá dom a thuairisciú go heisceachtúil**

Níl aon ní le tuairisciú agam a n-éilítear orm ag forálacha Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2012 a thuairisciú daoibh más í mo thuairim é nach nochtar luach saothair nó idirbhearta na stiúrthóirí atá sonraithe sa dlí.

**Dáithí Ó Maolchoille**

**Iniúchóir Cláraithe, Cuntasóir Cairte**

**Sínithe ar a shon agus thar a cheann:**

**Dáithí Ó Maolchoille**

**Comhlacht Reachtúil Iniúchóireachta**

**75 Páirc Weston**

**Baile Átha Cliath 14**

9 Márta 2013

**GAELSCOILEANNA TEORANTA**

**(CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPITEAL)**

**CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS**

**DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2012**

	<b>Nótaí</b>	<b>2012</b> €	<b>2011</b> €
Ioncam		453,843	502,333
Caiteachas		(428,814)	(485,025)
		-----	-----
Farasbarr oibreacháin ar			
ghnáthghníomhachtaí roimh cháin	2	25,029	17,308
Cáin ar fharasbarr ar ghnáthghníomhachtaí	3	-	-
		-----	-----
Farasbarr ar ghnáthghníomhachtaí tar éis cánach		25,029	17,308
<b>Farasbarr ag 1 Eanáir</b>		105,681	88,373
		-----	-----
<b>Farasbarr ag 31 Nollaig</b>		130,710	105,681
		=====	=====

## **RÁITEAS NA nGNÓTHACHAN AGUS NA gCAILLTEANAS IOMLÁN ADMHAITHE**

Ní raibh gnóthachan ná cailteanas ar bith admhaithe seachas toradh coimeádta an bhliain airgeadais. Ní raibh gluaiseachtaí ar bith i gcistí na cuideachta i rith na bliana seachas toradh coimeádta na bliana airgeadais.

Ar son na stiúrthóirí

**MÁIRÍN NÍ CHÉILEACHAIR**

**DEALGAN Ó CIARUBHÁIN**

Stiúrthóirí

### **GAELSCOILEANNA TEORANTA**

**(CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPITEAL)**

### **CLÁR COMHARDAITHE AG 31 NOLLAIG 2012**

<b>Nótaí</b>	<b>2012</b>	<b>2011</b>
	<b>€</b>	<b>€</b>

<b>SÓCMHAINNÍ SEASTA</b>	4	-	-
		-----	-----
<b>SÓCMHAINNÍ REATHA</b>			
Féichiúnaithe		114,766	-
Airgead sa bhanc		37,550	111,918
		-----	-----
		152,316	111,916
<b>CREIDIÚNAITHE</b> (iníoctha laistigh de bhliain amháin)		(21,606)	(6,237)
		-----	-----
<b>GLANSÓCMHAINNÍ REATHA</b>		130,710	105,681
		-----	-----
<b>SÓCMHAINNÍ IOMLÁNA LÚIDE DLITEANAIS REATHA</b>	130,710	105,681	
==	====	=====	
<b>COMHDHÉANTA MAR A LEANAS</b>			
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		130,710	105,681
		=====	=====

Ar son na stiúrthóirí

**MÁIRÍN NÍ CHÉILEACHAIR**

## **DEALGAN Ó CIARUBHÁIN**

Stiúrthóirí

## GAELSCOILEANNA TEORANTA

### (CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPIEAL)

## NÓTAÍ AR NA CUNTAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2012

### 1. POLASAÍ CUNTASAÍOCHTA

#### Gnás Cuntasaíochta

Ullmhaítear na ráitis airgeadais de réir an ghnás chéadhostais.

#### Dímheas Sócmhainní Inláimhsithe Docta

Soláthraítear dímheas ar na sócmhainní inláimhsithe go léir ag rátaí atá measta chun costas na sócmhainní, lúide luach iarmharach measta, a dhíscríobh thar an tréimhse a mbíonn siad inúsáidte ar mhodh na líne díri mar a leanas:

Trealamh oifige

33 1/3 % per annum

#### Pinsin

Tá leasanna pinsin maoinithe thar thréimhse seirbhíse na bhfostaithe mar ranníocaíochtaí do chiste faofa. Tá na ranníocaíochtaí curtha i gcoinne an chuntais loncaim agus Caiteachais sa tréimhse lena mbaineann siad.

### 2. FARASBARR OIBREACHÁIN AR

#### GHNÁTHGHNÍOMHACHTAÍ ROIMH CHÁIN

2012 2011

€ €

Léirítear na torthaí roimh cháin tar éis na gcostas seo leanas a íoc:

Táille iniúchára – iniúchadh	1,000	1,000
- seirbhísí neamhiniúcháireachta	1,000	1,000
	=====	=====

### **3. CÁIN AR THORTHAÍ AR GHNÁTHGHNÍOMHACHTAÍ**

Tá stádas carthanúil faighte ag an gcuideachta ó na Coimisinéirí Ioncaim a thugann faoiseamh ó cháin i leith ioncaim nó ghnócháin chaipitiúla a úsáidtear agus atá inúsáidte chun críche aidhmeanna carthanúla amháin. Bronnadh an stádas sin ar an gcuideachta i litir ó na Coimisinéirí Ioncaim dar dáta 14 Feabhra 2000.

#### **GAELSCOILEANNA TEORANTA**

**(CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPITEAL)**

#### **NÓTAÍ AR NA CUNTAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2012 (ar leanúint)**

### **4. SÓCMHAINNÍ INLÁIMHSITHE DOCHTA**



	Trealamh Oifige	Costas
	€	
Ag 1 Eanáir agus 31 Nollaig	26,444	
	=====	
<b>Dímheas</b>		
Ag 1 Eanáir	26,444	
Muirear na bliana reatha	-	
Ag 31 Nollaig	26,444	
	=====	
<b>Glanmhéid</b>		
31 Nollaig 2012	-	
	=====	
31 Nollaig 2011	-	
	=====	

## 5. STÁDAS NA CUIDEACHTA

Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta gan scairchaipiteal is ea an chuideachta. Tá ráthaíocht na gcomhaltáí teoranta go €1 an chomhalta a leanann ar feadh bliana amháin tar éis deiridh le comhaltas aonair.

## 6. SEIRBHÍÍ CURTHA AR FÁIL AG AN INIÚCHÓIR NEAMHSPLÉACH

Dála a lán gnóthas eile ar chóimhéid agus den chineál céanna, cuidíonn ár n-iniúchóir linn na ráitis airgeadais a ullmhú, tuairisceáin bhliantúla a ullmhú agus a chur bhráid na hOifige um Chlárú Cuideachtaí agus tuairisceáin a ullmhú agus a chur faoi bhráid na n-údarás cánach.

## 7. GLACADH LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

Ar 9 Márta 2013 d'fhaomh na stiúrthóirí na ráitis airgeadais agus d'údaraigh siad go n-eiseofaí iad.

**GAELSCOILEANNA TEORANTA**

**(CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPIEAL)**

**RÁITEAS SREABHADH AIRGID**

**DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2012**

	<b>2012</b>	<b>2011</b>
	<b>€</b>	<b>€</b>
<b>(EIS)/INSREABHADH GLAN AIRGID</b>		
<b>THIRIM Ó GHNÍOMHACHTAÍ OIBRIÚCHÁIN</b>	(74,368)	3,049
	-----	-----
<b>(Laghdú)/méadú ar airgid tirim</b>		
<b>agus ar choibhéisí airgid thirim</b>	(74,368)	3,049
	=====	=====
 <b>ANAILÍS AR AIRGEAD AGUS AR CHOIBHÉISÍ AIRGID</b>		
<b>AGUS AR GHLUAISEACHTAÍ I RITH NA BLIANA</b>		
 <b>Airgead sa bhanc:</b>		
Ag tús na bliana	111,918	108,869
(Eis)/insreabhadh airgid thirim	(74,368)	3,049
	-----	-----
Ag deireadh na bliana	37,550	111,918
	=====	=====
 <b>RÉITEACH IDIR FARASBARR NA BLIANA</b>		
<b>AGUS SREABHADH AIRGID THIRIM Ó</b>		

## **GNÍOMHACHTAÍ OIBRIÚCHÁIN**

Farasbarr	25,029	17,308	
(Méadú) ar fhéichiúnaithe	(114,766)	-	
Méadú/(laghdú) ar chreidiúnaithe	15,369	(14,259)	-----
-----	-----	(74,368)	
	3,049	=====	
	=====		

## **GAELSCOILEANNA TEORANTA**

**(CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPITEAL)**

## **CUNTAS OIBRIÚCHÁIN DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2012**

**2012      2011**

**€            €**

**Ioncam**

Deontas – Foras na Gaeilge	431,798	461,184
Ballraíocht	6,515	7,174
Fógraíocht/seastáin - Comhdháil/Cruinniú Cinn Bhliana	4,150	4,345
Táille - Comhdháil/Cruinniú Cinn Bhliana	10,185	10,366
Pacáiste - Comhdháil/Cruinniú Cinn Bhliana	900	-
Scléip	202	353
Nuachtlitir	93	611
Lámhleabhar – Comhdháil/Cruinniú Cinn Bhliana	-	1,391
Lámhleabhar –seansoláthar ais-scríofa	-	14,269
Seimineár i 2011 – aisíoc	-	2,640
	-----	-----
	453,843	502,333
	=====	=====

### **Caiteachas**

Tuarastail agus Prémheanna Pinsin	277,719	307,419
Costais agus Cothabháil	23,706	23,846
Comhdháil/Cruinniú Cinn Bhliana	20,953	33,374
Cíos	23,433	24,322
Árachas	1,000	1,205
Costais Oifige	18,530	24,693
Táillí Bainc	522	540
Táillí Proifisiúnta 9,658	9,775	
Deontais - Bunú agus Cabhrú Scoileanna	5,420	11,000
Scléip	13,769	11,484
Imeachtaí Idirskoileanna	18,450	18,750

Foilseacháin/ Poiblíocht	7,097	7,273
Lónra Réigiúnach	862	1,366
Cúrsaí Forbairt Ghairmiúil Scoileanna	2,695	5,889
Scéim Phíolótach Aistriú le FNT	5,000	-
Feachtais	-	2,604
Oiliúint agus Earcaíocht Foirne	-	1,485
	-----	-----
	428,814	485,025
	=====	=====
Farasbarr na bliana	25,029	17,308
	=====	=====

**GAELSCOILEANNA TEORANTA**

**(CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPITEAL)**

**CUNTAS OIBRIÚCHÁIN DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2012**

	2012	2011
<b><u>Cuntas 1</u></b>	€	€
<b><u>Ioncam</u></b>		
Deontas – Foras na Gaeilge	431,798	461,184
Fógraíocht/seastáin - Comhdháil/Cruinniú Cinn Bhliana	4,150	4,345
Táille - Comhdháil/Cruinniú Cinn Bhliana	10,185	10,366
Pacáiste - Comhdháil/Cruinniú Cinn Bhliana	900	-
Scléip	202	353
Nuachtlitir	93	611
Lámhleabhar – Comhdháil/Cruinniú Cinn Bhliana	-	1,391
Lámhleabhar –seansoláthar ais-scríofa	-	14,269
Seimineár i 2011 – aisíoc	-	2,640
	-----	-----
	447,328	502,333
	=====	=====
<b><u>Caiteachas</u></b>		
Tuarastail agus Prémheanna Pinsin	277,719	307,419
Costais agus Cothabháil	23,706	23,846
Comhdháil/Cruinniú Cinn Bhliana	20,053	32,874
Cíos	23,433	24,322
Árachas	1,000	1,205
Costais Oifige	18,530	24,693
Táillí Bainc	522	540
Táillí Proifisiúnta 9,658	9,775	
Deontais - Bunú agus Cabhrú Scoileanna	5,420	11,000

Scléip	13,769	11,484
Imeachtaí Idirskoileanna	18,450	18,750
Foilseacháin/ Poiblíocht	7,097	7,273
Líonra Réigiúnach	862	1,366
Cúrsaí Forbairt Ghairmiúil Scoileanna	2,695	5,889
Scéim Phíolótach Aistriú le FNT	5,000	-
Feachtais	-	2,604
Oiliúint agus Earcaíocht Foirne	-	1,485
	-----	-----
	427,914	484,525
	=====	=====
Farasbarr na bliana –cuntas 1	19,414	10,634
	=====	=====
<b><u>Cuntas 2</u></b>		
<b><u>Ioncam</u></b>		
Ballraíocht	6,515	7,174
<b><u>Caiteachas</u></b>		
Comhdháil/Cruinniú Cinn Bhliana	900	500
	-----	-----
Farasbarr na bliana –cuntas 2	5,615	6,674
	=====	=====